RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1029 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meitheamh 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([1]), agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe ([2]), agus go háirithe Airteagal 16 de

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. CÚLRA

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([3]), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach beart coimirce cinntitheach ar tháirgí áirithe cruach ('an choimirce'), arb éard atá ann cuótaí rátaí taraife ('TRQanna') maidir le táirgí áirithe cruach ('an táirge lena mbaineann') lena gcuimsítear 26 chatagóir táirgí cruach, atá socraithe ar leibhéil lena gcaomhnófar na sreafaí trádála traidisiúnta ar bhonn catagóire in aghaidh an táirge. Bíonn feidhm ag ráta dleachta 25 % ach amháin má sháraítear tairseacha cainníochtúla na TRQanna sin. Forchuireadh an beart coimirce ar feadh tréimhse tosaigh trí bliana, is é sin le rá, go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(2) An 15 Eanáir 2021, fuair an Coimisiún iarraidh chuí-réasúnaithe ó dhá cheann déag de Bhallstáit AE chun a fhiosrú, de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2015/755, an ceart fad a chur leis an mbeart coimirce atá ann cheana.

(3) Mheas an Coimisiún go raibh go leor fianaise san iarraidh chun athbhreithniú éaga/fadaithe a thionscnamh. Dá réir sin, d'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh ([4]) ('an Fógra Tionscnaimh') in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 26 Feabhra 2021.

2. NÓS IMEACHTA

(4) Chun a mheasúnú i gceart an bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart coimirce chun mórdhíobháil a chosc nó a leigheas, an bhfuil earnáil cruach AE ag coigeartú, agus an bhfuil an fadú sin i gcomhréir le leas níos leithne an Aontais, bhailigh an Coimisiún sonraí sonracha ó thionscal an Aontais trí mheán ceistneoirí ([5]). Áiríodh sna sonraí sin, inter alia, forbairt na bpríomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais don táirge lena mbaineann le linn na tréimhse 2018-2020 ('an tréimhse a breithníodh'), chomh maith le fianaise go bhfuil coigeartú á dhéanamh ag an tionscal.

(5) Lorg an Coimisiún seasamh páirtithe leasmhara eile maidir le fadú féideartha freisin. Chuige sin, san Fhógra Tionscnaimh, tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh san imscrúdú trína mbarúlacha agus fianaise thacaíochta a chur isteach.

([1]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 16).

([2]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha i gcoinne allmhairí táirgí áirithe cruach, (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27 ('an Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach').

([4]) Fógra tionscnaimh maidir leis an bhféidearthacht atá ann síneadh a chur leis an mbeart coimirce is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach, IO C 66, 26.2.2021, lch. 50.

([5]) Tá na leaganacha oscailte de na freagraí ceistneora ar fáil lena n-iniúchadh ag páirtithe leasmhara i gcomhad oscailte an imscrúdaithe: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI (inrochtana do pháirtithe leasmhara cláraithe amháin).

(6) I dtéarmaí an phróisis chuí, ba éard a bhí san athbhreithniú fadaithe, nós imeachta dhá chéim i scríbhinn, faoinar thíolaic páirtithe leasmhara a mbarúlacha ar dtús agus, ina dhiaidh sin, ar tugadh an deis dóibh barúlacha na bpáirtithe eile a bhréagnú agus barúlacha ar na freagraí ceistneora a chur isteach. Tríd agus tríd, fuair an Coimisiún breis agus 150 freagra ceistneora aonair agus os cionn 160 aighneacht ó pháirtithe leasmhara laistigh de na sprioc-amanna atá leagtha síos. Ina theannta sin, thug an Coimisiún an deis do na páirtithe éisteachtaí a fháil, má tá údar cuí leis. Ba é Rialtas Chónaidhm na Rúise amháin a ghlac an deis sin ([6]).

(7) Ina athbhreithniú fadaithe, rinne an Coimisiún measúnú ar an gcéad dul síos cibé ar comhlíonadh na ceanglais maidir le riachtanas agus coigeartú, atá éigeantach faoi rialacha an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus reachtaíocht an Aontais araon (féach Roinn 3). Ar an dara dul síos, rinne sé measúnú freisin cé hiad na téarmaí i dtaca leis an bhfadú agus cé na téarmaí léirscaoilte a mbeadh údar maith leo (féach Ranna 3.3 agus 3.4 faoi seach). Ar deireadh, rinne an Coimisiún a mheasúnú an mbeadh an fadú sin i gcomhréir le leas an Aontais (Féach Roinn 5). Ina mheasúnú, chuir an Coimisiún san áireamh go cuí na barúlacha agus an fhianaise a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, mar aon le haon fhaisnéis eile a bhí ar fáil go poiblí, a bhain leis na ceisteanna thuas. I Roinn ar leith (féach Roinn 7), thug an Coimisiún aghaidh go sonrach ar na maímh ábhartha a rinne páirtithe leasmhara, maímh nach gcloíonn le measúnú an Choimisiúin.

3. CEANGLAIS DLÍ

3.1. Riachtanas

(8) De réir Airteagal 7.1 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Bearta Coimirce agus de réir Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2015/478 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([7]), féadfar síneadh a chur le tréimhse feidhme birt coimirce 'ar choinníoll (...) go bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart coimirce (...) agus go bhfuil fianaise ann go bhfuil coigeartú á dhéanamh sa tionscal'.

(9) Ar dtús rinne an Coimisiún scrúdú agus cur síos ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ar bhonn na bhfreagraí ceistneora a fuarthas (Roinn 3.1.1). Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a bhí nó nach raibh brú allmhairiúcháin ann agus ar mhéid an bhrú allmhairiúcháin sin nó ar lean an brú allmhairiúcháin le linn na tréimhse a breithníodh (Roinn 3.1.2.). Sa mheasúnú sin, bhí anailís mhionsonraithe ar fhorbairt na n-allmhairí agus úsáid TRQanna thar thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt coimirce, mar aon le measúnú mionsonraithe ar roinnt tosca ábhartha eile chun iompar dóchúil allmhairí isteach san Aontas a chinneadh, má théann an beart coimirce i léig ('anailís fhrithfhíorasach').

3.1.1. *Staid eacnamaíoch thionscal cruach an Aontais*

(10) Chun measúnú a dhéanamh ar staid eacnamaíoch thionscal cruach an Aontais, chuir an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí cruach aitheanta de chuid an Aontais chun faisnéis a bhailiú faoi tháscairí díobhála i leith an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse 2018-2020 ('an tréimhse a breithníodh'). D'iarr an Coimisiún freisin ar chomhlachais tionscail aitheanta an Aontais (EUROFER, ESTA agus CET) na ceistneoirí a dháileadh ar a gcomhaltaí aonair. Ina theannta sin, thug an Coimisiún fógra do thairgeoirí aitheanta de chuid an Aontais, tríd an gcóras comhad oscailte (TRON) ([8]), gur iarradh ceistneoirí a líonadh isteach, iarrataí a cuireadh ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin Ard Stiúrthóireacht na Trádála ([9]).

(11) Fuair an Coimisiún breis agus 150 freagra ceistneora aonair. Fuair an Coimisiún aighneachtaí comhdhlúite sonraí freisin ó na comhlachais tionscail a raibh aithne ag an gCoimisiún orthu. Ina theannta sin, fuair an Coimisiún freagraí ceistneora aonair ó gach táirgeoir a sholáthair na sonraí do na comhlachais tionscail ar bhonn aonair agus ó tháirgeoirí nár bhain le haon chomhlachas. Phróiseáil an Coimisiún na sonraí a fuarthas ansin. Ar dtús i seisiúin chros-seiceála chianda ar leith a bhí ar siúl an 14 Meitheamh 2021, rinne sé comhdhlúthú ar na sonraí a fuair sé go díreach ó chomhaltaí na gcomhlachas, agus ina dhiaidh sin rinne sé cros-seiceáil ar a gcruinneas agus ar an modheolaíocht chomhdhlúthúcháin leis an tacar a thíolaic na comhlachais tionscail. Rinne an Coimisiún freagraí chomhaltaí an chomhlachais agus freagraí aonair a fuair sé ó na táirgeoirí nach mbaineann le haon chomhlachas a chumasc in aon tacar sonraí comhdhlúite amháin. Is é an tacar sonraí sin is bonn don mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais. Léirítear an méid seo a leanas sa mheasúnú ar an tacar sonraí (i dTáblaí 1 go 4):

([6]) Bhí éisteacht fhíorúil ann idir an Coimisiún agus Rialtas na Rúise an 8 Aibreán 2021.
([7]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 83, 27.3.2015.).
([8]) https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI (inrochtana do pháirtithe leasmhara cláraithe amháin).
([9]) Ar fáil ag suíomh gréasáin tiomnaithe AS TRADE an imscrúdaithe (inrochtana go poiblí).

(a) Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, stoic

Tábla 1

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, stoic

i 000 tona	2018	2019	2020
Méid táirgeachta an táirge lena mbaineann	200 416	189 459	168 675
innéacs 2018 = 100	*100*	*95*	*84*
Acmhainneacht táirgeachta don táirge lena mbaineann	252 367	252 461	251 864
innéacs 2018 = 100	*100*	*100*	*100*
Úsáid acmhainneachta	79,41%	75,04 %	66,97 %
Na stoic	21 464	20 000	18 251
innéacs 2018 = 100	*100*	*93*	*85*

Foinse: Freagraí ceistneora

(12) Le linn na tréimhse a breithníodh tháinig laghdú leanúnach ar an méid táirgeachta bliain ar bhliain, laghdú -5 % sa bhliain 2019 agus laghdú níos mó -16 % in 2020, i gcomparáid le figiúirí 2018. Léiríonn miondealú ráithiúil 2020 ([10]) gur feidhmíocht sa dara agus sa tríú ráithe is cúis leis an laghdú sin den chuid is mó, ar ráithe iad is mó atá thíos le héifeachtaí phaindéim COVID-19. D'fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí le linn na tréimhse agus, dá bhrí sin, tháinig treocht mheathlach ar úsáid acmhainneachta i gcomhréir leis an laghdú sa táirgeacht (Féach Tábla 1 thuas). Ar deireadh, tháinig laghdú 7 % ar stoic in 2019 agus laghdú 15 % in 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2018.

(b) *Tomhaltas an Aontais, díolacháin intíre agus an sciar den mhargadh* ([11])

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais, díolacháin intíre agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020
Tomhaltas i 000 tona	167 140	157 120	139 955
innéacs 2018 = 100	*100*	*94*	*84*
Díolacháin intíre i 000 tona	132 960	127 448	114 936
innéacs 2018 = 100	*100*	*96*	*86*
An sciar den mhargadh %	79,6 %	81,1 %	82,1 %

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

(13) Thosaigh meath ag teacht ar thomhaltas i margadh an Aontais in 2019 (-6 %), agus lean an treocht sin ar aghaidh in 2020 (-16 %) i gcomparáid leis an mbliain 2018. Lean an fhorbairt ar mhéid díolachán intíre tháirgeoirí an Aontais treocht chomhchosúil le linn na tréimhse a breithníodh (-4 % in 2019 agus -14 % in 2020). Le linn na tréimhse a breithníodh, mhéadaigh tionscal an Aontais a sciar den mhargadh de bhreis agus 2 phointe céatadáin.

([10]) Áirítear sonraí ar bhonn ráithiúil don bhliain 2020 sna freagraí ceistneora.
([11]) Ós rud é nach n-áirítear gach táirgeoir cruach san Aontas sna freagraí ceistneora, rinneadh an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais a ríomh bunaithe ar shonraí tomhaltais, sonraí allmhairiúcháin agus ar shonraí ó fhreagraí ceistneora.

(c) Praghas díola aonaid, brabúsacht, sreabhadh airgid, agus toradh ar chaipiteal a úsáidtear

Tábla 3

Praghas díola aonaid, brabúsacht ([12])**, sreabhadh airgid, agus toradh ar chaipiteal a úsáidtear**

	2018	2019	2020
Praghas díola aonaid (EUR/tona)	763	725	666
innéacs 2018 = 100	*100*	*95*	*87*
Brabúsacht (% láimhdeachas)	5,7 %	-0,4 %	-3,7 %
Sreabhadh airgid (EUR milliún)	7 456	6 798	6 386
innéacs 2018 = 100	*100*	*91*	*86*
Toradh ar chaipiteal a úsáidtear (%)	8,6 %	-2,6 %	-19,4 %

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

(14) Tháinig meath leanúnach ar tháscairí díobhála a bhaineann le méid díolachán (féach Tábla 2) agus leis an luach le linn na tréimhse a breithníodh. Ar deireadh, tháinig laghdú leanúnach 5 % ar phraghsanna díola aonaid in 2019 agus laghdú 12 % in 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2018. Tháinig meath bliain ar bhliain freisin ar shreabhadh airgid agus ar fháltas ar chaipiteal a úsáideadh le linn na tréimhse a breithníodh, agus shroich an dara ceann figiúirí diúltacha (-2,6 %) sa bhliain 2019 agus (-19,4 %) sa bhliain 2020 araon.

(15) Leis an laghdú ar phraghsanna i dteannta leis an laghdú ar mhéideanna táirgthe agus díolachán a thuairiscítear i dTablaí 1 agus 2, bhí caillteanas á fhulaingt ag tionscal an Aontais cheana féin in 2019 (-0,4 %) agus tháinig meath breise ar an staid in 2020 inar sroicheadh caillteanais -3,7 %.

(d) Fostaíocht

Tábla 4

Fostaíocht

(FTE)	2018	2019	2020
Fostaíocht	215 359	215 620	202 331
innéacs 2018 = 100	*100*	*100*	*94*

Foinse: Freagraí ceistneora

(16) D'fhan an fhostaíocht cobhsaí in 2019, ach tháinig laghdú 6 % uirthi in 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2018.

Conclúid

(17) Léirigh na sonraí i Roinn 3.1.1 go raibh meath suntasach tagtha cheana féin ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais sa bhliain 2019, nuair a tháinig caillteanas ar thionscal an Aontais, agus gur léirigh beagnach gach táscaire díobhála treocht dhiúltach ghéar. Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh fánán 6.1 phointe céatadáin ar an mbrabúsacht idir 2018 agus 2019 agus gur shroich sí -0.4 % ag deireadh na bliana 2019. Tharla an dul in olcas tromchúiseach sin i bhfad roimh thús phaindéim COVID-19 gan choinne agus na héifeachtaí a bheadh aige sin ar an margadh. Tháinig meath breise ar staid airgeadais thionscal an Aontais le linn na bliana 2020, nuair a chuir éifeachtaí eacnamaíocha phaindéim COVID-19 a thuilleadh leis an lagú ar staid airgeadais thionscal an Aontais a tharla de bharr brú allmhairiúcháin ó onnmhaireoirí chuig an Aontas a lean ar aghaidh le linn na bliana 2020. Tháinig éifeachtaí COVID-19 sa bhreis ar an mbaol leanúnach do staid airgeadais thionscal an Aontais a tharla de bharr brú allmhairiúcháin. De thoradh na n-allmhairí mar aon le paindéim COVID-19 go pointe áirithe, caitheadh tionscal an Aontais isteach i staid thromchúiseach airgeadais ina raibh caillteanais -4 %. Ba cheart béim a leagan air

([12]) A ríomhtar ar dhíolacháin le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas.

gur lú i bhfad an tionchar breise a bhí ag an ngéarchéim atá spreagtha ag an bpaindéim ar staid airgeadais thionscal an Aontais, tionchar a chuir leis an meath leanúnach a bhí ann de bharr allmhairí cheana féin. Idir 2019 agus 2020 tháinig laghdú 3.3 phointe céatadáin ar an mbrabúsacht go dtí bunchaillteanais beagnach -4 %. Dá bhrí sin, le paindéim COVID-19, tá méadú tagtha ar fhoinse mhórdhíobhála a bhí ann cheana agus atá fós ann do thionscal an Aontais, arb iad allmhairí is mó is cúis leis.

(18) Mar chonclúid, fuair an Coimisiún amach dá bhrí sin, le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt coimirce go raibh meath fós ag teacht ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais de bharr brú allmhairiúcháin le linn tréimhse nach bhfuil éifeachtaí dearfacha fós ar na coigeartuithe tábhachtacha a rinne tionscal an Aontais lena linn.

Anailís bhreise de réir an tacair táirge

(19) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn na staide eacnamaíche agus na forbartha ar tháscairí díobhála don táirge lena mbaineann i dTáblaí 1 go 4 gur lean an meath ar thionscal an Aontais idir 2018 agus 2020 agus go bhfuil sé leochaileach faoi láthair.

(20) Sa bhreis ar an toradh sin, agus i gcomhréir leis an gcur chuige a úsáideadh san imscrúdú tosaigh, ([13]) dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí freisin ar bhonn trí thacar táirgí, is iad sin táirgí cothroma, táirgí fada agus feadáin ([14]).

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, stoic

i 000 tona	2018	2019	2020
Méid táirgeachta an táirge lena mbaineann (cothrom)	150 598	143 287	126 795
innéacs 2018 = 100	*100*	*95*	*84*
Méid táirgeachta an táirge lena mbaineann (fada)	41 395	38 879	35 769
innéacs 2018 = 100	*100*	*94*	*86*
Méid táirgeachta an táirge lena mbaineann (feadáin)	8 423	7 293	6 111
innéacs 2018 = 100	*100*	*87*	*73*
Acmhainneacht táirgeachta don táirge lena mbaineann (cothrom)	184 802	184 682	183 924
innéacs 2018 = 100	*100*	*100*	*100*
Acmhainneacht táirgeachta don táirge lena mbaineann (fada)	54 755	55 013	55 278
innéacs 2018 = 100	*100*	*100*	*101*
Acmhainneacht táirgeachta don táirge lena mbaineann (feadáin)	12 810	12 767	12 661
innéacs 2018 = 100	*100*	*100*	*99*
Úsáid acmhainneachta (cothrom)	81,49 %	77,59 %	68,94 %
Úsáid acmhainneachta (fada)	75,60 %	70,67 %	64,71 %
Úsáid acmhainneachta (feadáin)	65,75 %	57,12 %	48,27 %

([13]) an Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach, aithris (47).
([14]) Chun teacht ar thuairisc iomlán ar na tacair táirgí, féach aithris (21) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.

Stoic (cothrom)	13 712	13 549	12 354
innéacs 2018 = 100	*100*	*99*	*90*
Stoic (fada)	4 859	4 469	4 146
innéacs 2018 = 100	*100*	*92*	*85*
Stoic (feadáin)	2 893	1 982	1 751
innéacs 2018 = 100	*100*	*69*	*61*

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

Tábla 6

Tomhaltas an Aontais, díolacháin intíre agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020
Tomhaltas i 000 tona (cothrom)	108 661	103 357	91 373
innéacs 2018 = 100	*100*	*95*	*84*
Tomhaltas i 000 tona (fada)	48 226	44 495	40 521
innéacs 2018 = 100	*100*	*92*	*84*
Tomhaltas i 000 tona (feadáin)	10 253	9 269	8 060
innéacs 2018 = 100	*100*	*90*	*79*
Díolacháin intíre i 000 tona (cothrom)	86 585	83 533	74 504
innéacs 2018 = 100	*100*	*96*	*86*
Díolacháin intíre i 000 tona (fada)	38 714	36 918	34 252
innéacs 2018 = 100	*100*	*95*	*88*
Díolacháin intíre i 000 tona (feadáin)	7 661	6 998	6 180
innéacs 2018 = 100	*100*	*91*	*81*
An sciar den mhargadh % (cothrom)	79,7 %	80,8 %	81,5 %
An sciar den mhargadh % (fada)	80,3 %	83,0 %	84,5 %
An sciar den mhargadh % (feadáin)	74,7 %	75,5 %	76,7 %

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

Tábla 7

Praghas díola aonaid, brabúsacht, sreabhadh airgid, agus toradh ar chaipiteal a úsáidtear

	2018	2019	2020
Praghas díola aonaid (EUR/tona) (cothrom)	775	741	689
innéacs 2018 = 100	*100*	*96*	*89*
Praghas díola aonaid (EUR/tona) (fada)	674	623	556
innéacs 2018 = 100	*100*	*92*	*82*

Praghas díola aonaid (EUR/tona) (feadáin)	1 065	1 070	999
innéacs 2018 = 100	*100*	*100*	*94*
Brabúsacht (% láimhdeachas) (cothrom)	6,0 %	-1,0 %	-4,6 %
Brabúsacht (% láimhdeachas) (fada)	6,0 %	0,4 %	-2,8 %
Brabúsacht (% láimhdeachas) (feadáin)	3,3 %	0,9 %	-0,5 %
Sreabhadh airgid (EUR milliún) (cothrom)	5 652	3 609	4 402
innéacs 2018 = 100	*100*	*64*	*78*
Sreabhadh airgid (EUR milliún) (fada)	1 411	2 300	879
innéacs 2018 = 100	*100*	*163*	*62*
Sreabhadh airgid (EUR milliún) (feadáin)	394	889	1 106
innéacs 2018 = 100	*100*	*226*	*281*
Toradh ar chaipiteal a úsáidtear (%) (cothrom)	7,68 %	-3,75 %	-28,47 %
Toradh ar chaipiteal a úsáidtear (%) (fada)	10,13 %	-1,59 %	-4,76 %
Toradh ar chaipiteal a úsáidtear (%) (feadáin)	8,58 %	3,05 %	-3,16 %

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

Tábla 8

Fostaíocht

(FTE)	2018	2019	2020
Fostaíocht (cothrom)	134 788	137 719	128 837
innéacs 2018 = 100	*100*	*102*	*96*
Fostaíocht (fada)	49 116	47 314	45 487
innéacs 2018 = 100	*100*	*96*	*93*
Fostaíocht (feadáin)	31 455	30 587	28 007
innéacs 2018 = 100	*100*	*97*	*89*

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

(21) Léirigh Táblaí 5 go 8 thuas forbairt na dtáscairí díobhála de réir an tacair táirge le linn na tréimhse a breithníodh. Go háirithe dheimhnigh siad gur lean staid eacnamaíoch agus airgeadais thionscal an Aontais treochtaí meathlacha atá inchomparáide leis na treochtaí a deimhníodh don táirge lena mbaineann ar an iomlán i gcás gach tacar táirge ar leithligh. Mar shampla, tháinig meath leanúnach ar tháscairí díobhála amhail méid táirgeachta, méid díolachán intíre, praghas díola agus brabúsacht aonaid, in 2019 agus lean an treocht sin ar aghaidh sa bhliain 2020, agus léiríodh staid eacnamaíoch diúltach agus staid airgeadais diúltach sa treocht sin. Is le forbairt an tsreafa airgid sa tacar feadáin a bhaineann an t-aon eisceacht i dtéarmaí treochta éagsúla nuair a chuirtear i gcomparáid í le treocht an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse a breithníodh.

(22) Ina fhianaise sin, ar an dóigh sin, comhthacaíonn an anailís fhorlíontach a rinneadh de réir an tacair táirge leis na torthaí don táirge lena mbaineann, is é sin fiú nuair a dhéantar measúnú orthu ar bhonn an tacair táirge, gur tháinig meath ar leibhéal suntasach ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh agus go bhfuil sé leochaileach faoi láthair.

3.1.2. *Brú allmhairúcháin*

(a) An fhorbairt ar allmhairí

(23) Chun a chinneadh ar chuir allmhairí brú ar mhargadh cruach an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh agus méid an brú sin a chinneadh, rinne an Coimisiún measúnú ar dtús ar an bhforbairt ar allmhairí ([15]) an táirge lena mbaineann i dtéarmaí foriomlána agus ar an dara dul síos, maidir leis an leibhéal tomhaltais. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún measúnú ar fhorbairt TRQanna a úsáidtear faoin mbeart coimirce (Féach roinn 3.1.2(b)).

Tábla 9

An fhorbairt ar allmhairí i dtonaí

	2018	2019	2020
Méid na n-allmhairí	34 180 000	29 672 000	25 019 000
innéacs 2018 = 100	*100*	*87*	*73*

Foinse: EUROSTAT

(24) I dtéarmaí foriomlána, in 2019 tháinig laghdú 13 % ar mhéid allmhairí an táirge lena mbaineann agus laghdú 27 % in 2020 i gcomparáid leis an leibhéal in 2018 ([16]).

Tábla 10

An fhorbairt ar an sciar allmhairí

	2018	2019	2020
Tomhaltas i 000 tona	167 140	157 120	139 955
innéacs 2018 = 100	*100*	*94*	*84*
Méid na n-allmhairí i 000 tona	34 180	29 672	25 019
innéacs 2018 = 100	*100*	*87*	*73*
Sciar den mhargadh	*20,4 %*	*18,9 %*	*17,9 %*

Foinse: EUROSTAT, Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

Tábla 11

An sciar den mhargadh de réir an tacair táirge

Tomhaltas i 000 tona (cothrom)	108 661	103 357	91 373
innéacs 2018 = 100	*100*	*95*	*84*

([15]) Ní áirítear allmhairí ó na tíortha sin a eisíodh gan choinníoll ón mbeart coimirce sna sonraí allmhairiúcháin a úsáideadh san imscrúdú. Maidir leis na heisiamh sin, féach Airteagal 6.1 den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach i dtaca le Tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch ('LEE'), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1712 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1013 lena bhforchuirtear bearta coimirce sealadacha maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach, IO L 286, 14.11.2018, lch. 17, don Afraic Theas agus do thíortha áirithe eile san Afraic lena raibh Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíocha ('EPAnna') i bhfeidhm. Ciallaíonn sin go dtagraíonn gach toradh le linn an imscrúdaithe seo d'allmhairí ar fud an domhain seachas d'allmhairí ó na tionscnaimh sin. Ar an gcaoi céanna, na torthaí uile i dtaca le héifeachtaí allmhairí – idir allmhairí a bhí ann cheana le linn na tréimhse a breithníodh agus allmhairí ionchasacha i gcás ina dtéann an beart coimirce i léig – baineann siad le hallmhairí ar fud an domhain lúide allmhairí ó na tionscnaimh sin.

([16]) Féach Tábla 2 den Rialachán Cinntitheach chun léiriú níos leithne a fháil ar an bhforbairt ar allmhairí sna blianta roimhe seo.

Tomhaltas i 000 tona (fada)	48 226	44 495	40 521
innéacs 2018 = 100	*100*	*92*	*84*
Tomhaltas i 000 tona (feadáin)	10 253	9 269	8 060
innéacs 2018 = 100	*100*	*90*	*79*
Allmhairí i 000 tona (cothrom)	22 076	19 824	16 869
innéacs 2018 = 100	*100*	*90*	*76*
Allmhairí i 000 tona (fada)	9 513	7 577	6 270
innéacs 2018 = 100	*100*	*80*	*66*
Allmhairí i 000 tona (feadáin)	2 592	2 271	1 880
innéacs 2018 = 100	*100*	*88*	*73*
An sciar den mhargadh % (cothrom)	20,3 %	19,2 %	18,5 %
An sciar den mhargadh % (fada)	19,7 %	17,0 %	15,5 %
An sciar den mhargadh % (feadáin)	25,3 %	24,5 %	23,3 %

Foinse: Sonraí ó EUROSTAT agus Sonraí tionscail

(25) Nuair a rinneadh an laghdú ar mhéid na n-allmhairí a léirítear i dTábla 9 a mheasúnú in aghaidh fhorbairt an tomhaltais i margadh an Aontais, thug an Coimisiún dá aire, cé gur tháinig laghdú de réir a chéile ar sciar margaidh na n-allmhairí le linn na tréimhse lena mbaineann, gur fhan sciar margaidh na n-allmhairí ar an leibhéal céanna in 2020 i gcomparáid le 2017, is é sin le rá, an bhliain díreach roimh fhorchur an bhirt coimirce ([17]). Thairis sin, bhí sciar margaidh na n-allmhairí ar an meán níos airde le linn an bhirt coimirce ná mar a bhí sé sna blianta sular forchuireadh é (cibé acu blianta aonair nó blianta meánaithe iad). Léiríonn sin nár tháinig laghdú ar líon na n-allmhairí ar mhargadh cruach an Aontais in ainneoin an bhirt coimirce. Ina ionad sin, tá méadú tagtha air i dtéarmaí coibhneasta i gcomparáid leis an tréimhse sular forchuireadh an beart coimirce ([18]).

(b) An fhorbairt ar úsáid TRQanna

(26) Rinne an Coimisiún mionscrúdú freisin ar an mbrú allmhairiúcháin trí mheasúnú a dhéanamh ar fhorbairt úsáid TRQanna faoin mbeart coimirce ([19]).

(27) Léiríonn an anailís sin go bhfuil líon mór de na cuótaí tír-shonracha a leithdháileadh orthu ídithe ag na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach agus go minic, go ndearnadh sin taobh istigh de ghearrthréimhse ama laistigh de thréimhsí cuí chur i bhfeidhm an bhirt coimirce. I roinnt cásanna eisceachtúla, ídíodh líon mór cuótaí bliantúla laistigh den chéad lá den tréimhse nó laistigh de chúpla seachtain. Lean an treocht sin faoi riarachán ráithiúil na gcuótaí tír-shonracha a tugadh isteach an 1 Iúil 2020. Léirigh an anailís freisin gur ídigh roinnt de na tíortha sin cuid dá gcuótaí iarmharacha go han-tapa i roinnt catagóirí tar éis dóibh a gcuid cuótaí féin a ídiú roimhe sin, agus gur bhrúigh siad amach soláthróirí stairiúla eile dá bhrí sin. Is patrún comhsheasmhach é seo atá le feiceáil ar fud catagóirí agus tionscnaimh táirgí, agus i méideanna móra.

([17]) Meabhraíonn an Coimisiún gur tháinig sé ar an gconclúid sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Sealadach go raibh méadú suntasach ar allmhairí isteach i margadh an Aontais suas go dtí deireadh 2017.
Thairis sin, tháinig méadú suntasach ar sciar na n-allmhairí i gcomparáid le táirgeacht thionscal an Aontais faoin mbeart coimirce (16 % ar an meán le linn na tréimhse a breithníodh) i gcomparáid leis na blianta roimh fhorchur an bhirt coimirce (2013-2017, cibé acu ina n-aonar (uasmhéid 12 % in aon bhliain amháin) nó meánaithe (10 %)). Tá sonraí maidir le táirgeacht don tréimhse 2018-2020 le fáil i dTábla 1 agus don tréimhse 2013-2017 i dtábla 5 den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.

([18]) Féach Tábla 2 den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.

([19]) Sonraí a bhaintear as suíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin ina gcuirtear faisnéis ar fáil maidir le gach úsáid TRQanna, agus a ndéantar nuashonrú laethúil air. Tá na bunsonraí a úsáideadh don anailís seo ar fáil go poiblí ag:
https://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/taric/quota_consultation.jsp

(28) Ní hamháin go léiríonn na príomhthíortha onnmhairiúcháin go bhfuil sé d'acmhainn acu méideanna móra a sholáthar laistigh de ghearrthréimhse ama, rud a chuireann isteach go mór ar an margadh, ach tá an chuma orthu freisin go bhfuil siad réidh chun a láithreacht ar mhargadh an AE a mhéadú tuilleadh, nuair a thugann dearadh an bhirt deis dóibh é sin a dhéanamh (mar shampla, trí rochtain eisceachtúil ar an gcuóta iarmharach). Dá bhrí sin, mar a fuarthas amach le linn an dara hathbhreithniú feidhmiúcháin ar an mbeart coimirce ([20]), léiríonn onnmhaireoirí na bpríomhthíortha onnmhairiúcháin iompar faille go soiléir lena ndéanann siad iarracht a láithreacht ar an margadh a mhéadú faoin mbeart coimirce, ar gach bealach is féidir.

(c) Forbairt ar onnmhairí ar fud an domhain a dhéanann na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach agus forbairt an tomhaltais ina gcuid margaí intíre

(29) Sular glacadh bearta taraife na Stát Aontaithe faoi Roinn 232 den Acht um Fhairsingiú Trádála 1962 ('bearta faoi Roinn 232') an beart maidir le táirgí áirithe cruach, i mí an Mhárta 2018, ba é na Stáit Aontaithe an margadh allmhairiúcháin cruach ba mhó a bhí ann. Tar éis dó dleacht tosaigh 25 % a fhorchur ar allmhairí, chaill na Stáit Aontaithe an stádas sin agus is é an tAontas an tír allmhairiúcháin cruach is mó ar domhan faoi láthair, agus tá na Stáit Aontaithe sa dara háit ([21]). Chun margadh an Aontais a chosaint ar an sraonadh trádála a tharla ina dhiaidh sin, rinne an tAontas a bheart coimirce a fhorchur, go sealadach i mí Iúil 2018 agus ina chruth cinntitheach i mí Feabhra 2019, trí TRQanna a leagan ar an táirge lena mbaineann, lena gcaomhnaítear sreafaí trádála stairiúla agus lena ndíspreagtar allmhairí breise, lena n-airítear an trádáil sraonta, murab ionann agus beart na Stát Aontaithe.

(30) Tháinig laghdú 13 % ar allmhairí isteach san Aontas in 2019 agus laghdú 27 % in 2020 i gcomparáid lena mbuaicphointe in 2018 (Féach Tábla 5). An tráth céanna, le linn na tréimhse céanna, lean na hallmhairí isteach i margadh na Stát Aontaithe treocht mheathlach chomhthreomhar níos géire fiú tar éis bhearta faoi Roinn 232 a fhorchur, faoi mar a léirítear i dTábla 11.

Tábla 11

Allmhairí isteach sna Stáit Aontaithe i dtonaí ([22])

Bliain	Bliain 2017	Bliain 2018	Bliain 2019	Bliain 2020
Iomlán na dTríú tíortha (gan AE san áireamh)	21 933 440	18 472 301	15 052 561	12 143 791

(31) Dá bhrí sin, cruthaíonn na sonraí sin go bhfuil comhghaol dlúth suntasach idir an laghdú láidir ar mhéideanna na n-allmhairí isteach sna Stáit Aontaithe tar éis bhearta faoi Roinn 232 SAM a fhorchur agus an méadú comhthreomhar ar allmhairí isteach san Aontas, arna mhaolú i bpáirt ag an mbeart coimirce. Deimhnítear an comhghaol sin maidir le tréimhsí uile an bhirt coimirce go dtí gur bhuail paindéim COVID-19 an geilleagar.

(32) Tar éis don Choimisiún na treochtaí allmhairiúcháin sin a shainaithint sa dá mhargadh allmhairiúcháin cruach is mó (an tAontas agus SAM), thug sé aghaidh ar measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin i dtríú margaí eile na bpríomhthíortha a sholáthraíonn cruach don Aontas ([23]).

Tábla 12

An fhorbairt ar onnmhairí an táirge lena mbaineann ó na príomhthíortha a sholáthraíonn cruach don Aontas do thríú margaí (seachas AE agus SAM)

Bliain	2018	2019	2020	% athrú	athrú ar mhéideanna
Méideanna i dtonaí	126 541 868	125 633 907	117 579 311	-7 %	-8 962 557

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/894 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha i gcoinne allmhairí táirgí áirithe cruach, (IO L 206, 30.6.2020, lch. 27). Féach e.g. aithrisí (35), (36), (80).

([21]) An Tuarascáil ar Chruach Domhanda: 'Cruach Domhanda i bhFigiúirí, 2020', lch. 25. Ar fáil ag: An Tuarascáil ar Chruach Domhanda. Féach freisin Forbairtí ar Mhargadh Cruach de chuid OECD, Q4 2019, lch. 24 agus tábla 3. Ar fáil ag: https://www.oecd.org/industry/ind/steel-market-developments-Q4-2020.pdf

([22]) Foinse: Coimisiún Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe - https://dataweb.usitc.gov/

([23]) Is iad seo a leanas na tíortha (liostaithe in ord aibítre): An tSín, an India, an Chóiré (Poblacht na Cóiré), an Téaváin, an Tuirc, agus an Úcráin. Tá an Ríocht Aontaithe ar cheann de na príomhthíortha onnmhairiúcháin freisin. Mar sin féin, ós rud é go raibh sí fós ina ball den Aontas Eorpach le linn na tréimhse a breithníodh, níor cuireadh san áireamh í nuair a bhí measúnú siarghabhálach á dhéanamh ar shonraí allmhairiúcháin tríú tíortha.

(33) Rinne an Coimisiún anailís staidrimh ar threochtaí onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann i dtaca leis na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach bunaithe ar shonraí ón Global Trade Atlas ([24]). Príomhthíortha onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann chuig an Aontas, laghdaigh siad a méideanna onnmhairiúcháin go mór ar an iomlán chuig tríú margaí eile le linn na tréimhse a breithníodh agus léirítear sin i dTabla 8. Deimhníodh i measúnú aonair ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin na dtíortha sin go raibh meath ar mhéideanna onnmhairiúcháin i bhformhór na dtíortha sin freisin i gcás gach tír (seachas an tAontas agus na Stáit Aontaithe). Dá bhrí sin, ciallaíonn sin le linn tréimhse ina raibh meath suntasach ar allmhairí sa dá phríomhthír allmhairiúcháin cruach ba mhó ar domhan (an tAontas agus SAM) nuair a bhí a mbearta ar leith i bhfeidhm, gur laghdaigh na príomhthíortha onnmhairiúcháin chuig an Aontas a méideanna onnmhairí chuig tríú margaí eile freisin.

(34) Rinne an Coimisiún a mheasúnú féin a fhorlíonadh tuilleadh leis an anailís a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Dheimhnigh na sonraí ó ECFE measúnú an Choimisiúin féin gur tháinig laghdú comhsheasmhach foriomlán ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin na bpríomhthíortha onnmhairiúcháin cruach le linn na tréimhse a breithníodh ([25]).

(35) Ansin rinne an Coimisiún measúnú ar an bhforbairt ar thomhaltas intíre na bpríomhthíortha onnmhairiúcháin cruach ([26]) le linn na tréimhse a breithníodh.

Tábla 13

An fhorbairt ar an tomhaltas sna príomh-mhargaí déanta cruach (lena n-áirítear na príomhthíortha onnmhairiúcháin chuig an Aontas) ([27])

Bliain/ Táirge	Corna teorollta agus pláta corna	Corna fuar-rollta	Corna HDG + EZ	Stánpháta	Pláta Muilinn Aisiompaitheach	Barra Treisiúcháin + Slat Sreinge	Barra Cruach Charbóin agus Cónaisc Struchtúracha	Ráille	Gach ceann - an tSín san áireamh	An tSín	Gan an tSín san áireamh
2018	501 093,59	172 655,53	87 021,82	8 539,49	110 692,33	495 876,36	190 878,27	8 136,93	1 574 894,32	964 829,00	610 065,32
2019	505 032,94	167 800,90	90 303,02	8 819,83	113 426,32	531 934,21	197 669,27	8 709,86	1 623 696,35	1 024 140,84	599 555,50
2020	518 795,17	176 848,77	91 167,34	8 371,03	121 358,51	552 591,72	211 094,72	8 110,75	1 688 338,02	1 141 388,71	546 949,31

(36) Léiríonn Tábla 13, gur tháinig méadú foriomlán ar thomhaltas ([28]) i margaí intíre na bpríomhthíortha déanta cruach (lena n-áirítear na príomhthíortha a sholáthraíonn cruach don Aontas) le linn na tréimhse a breithníodh. Mar sin féin, is é an méadú eisceachtúil ar an tomhaltas sa tSín is cúis leis an treocht fhoriomlán sin, arb é an margadh déanta cruach is mó go mór ar domhan é. Cé is moite den chás sin amháin, tháinig meath leanúnach ar thomhaltas intíre sna tíortha eile go léir.

([24]) Bailíonn an bunachar sonraí seo faisnéis staidrimh a chuireann oifigí staidrimh náisiúnta custaim ar fáil ó gach tír.

([25]) Dheimhnigh ECFE freisin go bhfuil laghdú ginearálta ag teacht ar an treocht onnmhairiúcháin ar leibhéal níos leithne, *i.e.* go gcumhdaítear táirgí cruach lasmuigh den táirge lena mbaineann freisin. Féach: Forbairtí ar Mhargadh Cruach de chuid OECD, R4 2020, Táblaí 3, 4 agus 5. Deimhnítear an treocht sin freisin le táblaí 6 agus 7 sa doiciméad céanna, ina dtaispeántar an fhorbairt ar allmhairí isteach sna geilleagair allmhairiúcháin cruach is mó (tábla 6) agus allmhairí isteach i mórgheilleagair eile déanta cruach (tábla 7), agus figiúr 8 (lch. 32). Ar fáil ag: https://www.oecd.org/industry/ind/steel-market-developments-Q4-2020.pdf

([26]) Príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach an táirge lena mbaineann chuig an Aontas.

([27]) Foinse: Bunachar sonraí CRU. Na sonraí atá ar fáil maidir leis na príomhthíortha déanta cruach: An Bhealarúis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasaíl, Ceanada, an tSín, an Éigipt, an India, an Iaráin, an tSeapáin, an Mhacadóin Thuaidh, Meicsiceo, Poblacht na Moldóive, an Rúis, an tSeirbia, an Chóiré Theas, an Eilvéis, an Téaváin, an Tuirc, an Úcráin agus Vítneam, agus i dtaca leis an ngrúpa catagóirí táirgí seo a leanas: Corna teorollta agus pláta corna, corna fuar-rollta CR, Galbhánaithe Teothumtha (HDG), corna EZ, Stánphláta, Pláta Muilinn Aisiompaitheach, Barra Treisiúcháin, Slat Sreinge, Barra Cruach Charbóin, Cónaisc Struchtúracha agus Ráille.

([28]) Is é is cuspóir don tábla seo forbhreathnú ginearálta a thabhairt ar threochtaí tomhaltais roinnt de na príomhchatagóirí táirgí san Aontas agus sna príomh-mhargaí cruach ar fud an domhain. Mar is léir ón tábla, ní chumhdaíonn na sonraí an táirge lena mbaineann ina iomláine.

(37) Dá bhrí sin, léiríonn an laghdú comhuaineach ar onnmhairí agus ar thomhaltas intíre le linn na tréimhse a breithníodh i bhformhór na bpríomhthíortha déanta cruach, léiríonn sé na deacrachtaí méadaitheacha atá acu margaí a aimsiú dá n-oibríochtaí onnmhairiúcháin traidisiúnta. Cuireann na deacrachtaí sin go mór leis an teannas iomaíochta agus spreagann siad onnmhaireoirí feidhmiú go láidir i dtríú margaí.

(d) *Ró-acmhainneacht*

(38) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar na forbairtí is déanaí a bhaineann le ró-acmhainneacht domhanda san earnáil cruach, forbairtí a bhí breithnithe aige cheana féin ina Rialacháin maidir le Beart Coimirce Sealadach agus Cinntitheach.

(39) Léirítear in anailís ar na foinsí údarásacha éagsúla dá dtagraítear sa Rialachán seo go ndeachaigh staid na ró-acmhainneachta sa mhargadh cruach domhanda in olcas le linn na tréimhse a breithníodh. Thug ECFE dá aire go *'léiríonn an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil (mí na Nollag 2020) gur tháinig méadú ar acmhainneacht déanta cruach ar fud an domhain in 2020 don dara bliain as a chéile (Figiúr 10). Leis an nglanathrú ar an acmhainneacht in 2020, lena n-áirítear acmhainneachtaí nua breise agus acmhainneachtaí a dúnadh, tá acmhainneacht déanta cruach ar fud an domhain faoi láthair ag 2 453,2 mmt, arb ionann é agus méadú 1.6 % ón leibhéal a bhí ann ag deireadh 2019'* ([29]).

(40) Thairis sin, thug ECFE le fios freisin gur *'ardaigh acmhainneacht déanta cruach ar fud an domhain go 2 453,2 mmt in 2020, agus gur tháinig laghdú ar tháirgeacht amhchruach go 1 827,8 mmt, agus gur tháinig méadú ar an mbearna eatarthu go 625.4 mmt ó 568.7 in 2019. Tháinig laghdú ar tháirgeacht chruach ar fud an domhain mar sciar den acmhainneacht, mar tháscaire garbh ar an ráta úsáide domhanda ó 76.5 % in 2019 go 74.5 % in 2020'* ([30]).

(41) Sna conclúidí ó Thuarascáil Aireachta an Fhóraim Dhomhanda 2020 maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach ('GFSEC'), bunaithe ar shonraí suas go dtí 2019, cuireadh in iúl go bhféadfadh forbairtí san earnáil dul sa treo sin. Tugadh le fios sa tuarascáil go *'raibh dhá abhar imní ann ag deireadh 2019 agus gurb iad sin an treocht aisiompaitheach atá le feiceáil in acmhainneacht déanta cruach na Síne, áit a bhfuil roinnt tionscadal úrnua an-mhór á gcur ar bun i gceantair chósta ó dheas agus thoir, tionscadail atá ag fáil tacaíochta ó scéim bhabhtála acmhainneachta a fhaigheann tacaíocht ón Rialtas, agus an tacaíocht a thugann an tSín don leathnú ar an acmhainneacht i dtríú tíortha nó rannpháirtíocht na Síne sa leathnú sin. Bhí fás tapa ag teacht ar an acmhainneacht san Áise Thoir Theas agus sa Mheánoirthear freisin'* ([31]).

(42) Dúradh sa Tuarascáil freisin *'is é an impleacht láithreach a bhaineann leis an ionchas éilimh go dtiocfaidh méadú suntasach go 606 mmt ar a laghad ar an mbearna dhomhanda idir an acmhainneacht agus an t-éileamh in 2020, rud atá ina tháscaire é ar rioscaí rósholáthair don mhargadh cruach'* ([32]). Tugadh le fios ann freisin 'go bhféadfadh an aisiompú sin ar an acmhainneacht bhreise tús a chur le suaití trádála, praghsanna cruach i bhfad níos ísle a spreagadh agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch an tionscail cruach a ghortú' ([33]).

(43) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur léir go raibh fadhb na ró-acmhainneachta san earnáil cruach ag dul in olcas le linn na tréimhse a breithníodh, agus de thoradh sin go bhfuil bearna níos mó fós ann idir táirgeacht, tomhaltas agus acmhainneacht suiteáilte. Chomh maith leis sin, dheimhnigh an Coimisiún an fhaisnéis sin trína mheasúnú féin ar na sonraí ó bhunachar sonraí CRU i dtaca leis na príomhthíortha déanta cruach ar fud an domhain, ina n-áirítear na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig margadh an Aontais ([34]).

(e) Bearta faoi Roinn 232 SAM

(44) Ina rialacháin lena bhforchuirtear beart coimirce sealadach agus beart coimirce cinntitheach, chinn an Coimisiún go bhféadfadh bearta faoi Roinn 232 SAM maidir le táirgí áirithe cruach, a bheith ina gcúis le sraonadh suntasach trádála d'onnmhairiúcháin a bhí dírithe ar mhargadh na Stát Aontaithe ar dtús, chuig margadh an Aontais, mura ndearna an tAontas aon ghníomhaíocht feabhais. Ina rialachán cinntitheach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na chéad chomharthaí maidir le sraonadh trádála ar siúl cheana féin in 2018 ([35]).

([29]) Féach Forbairtí ar Mhargadh Cruach de chuid OECD Q2 2021, an 1 Márta 2021, lch.28, aithris 53.
([30]) *Ibid.* in aithris 55.
([31]) An Fóram Domhanda maidir le Ró-acmhainn sa Tionscal Cruach, Tuarascáil Aireachta 2020, aithris 17.
([32]) *Ibid.* in aithris 23.
([33]) *Ibid.* in aithris 24 (figiúr 5 san áireamh).
([34]) Foinse: Bunachar sonraí CRU le haghaidh na mblianta 2018-2020, go háirithe na figiúirí ró-acmhainneachta i gcomparáid leis an tomhaltas agus an táirgeacht. https://www.crugroup.com/analysis/steel/ (rochtain trí shíntiús)
([35]) Féach aithrisí (99) go (110) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach

(45) Tá sé léirithe cheana féin ag an gCoimisiún i dTábla 11 go raibh laghdú suntasach tagtha ar leibhéal na n-allmhairí isteach i margadh na Stát Aontaithe ó glacadh na bearta maidir le cruach faoi Roinn 232 SAM. Go deimhin, le linn na tréimhse a breithníodh, is cosúil nach bhfuil margaí domhanda eile aimsithe do na hallmhairí a bhíodh dírithe ar na Stáit Aontaithe, toisc gur tháinig laghdú ar onnmhairí foriomlána chuig tíortha eile, margadh an Aontais san áireamh, le linn staid ina bhfuil laghdú ag teacht ar thomhaltas intíre na bpríomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas.

(46) Go dtí seo, tá bearta faoi Roinn 232 SAM fós i bhfeidhm agus ní thugann údaráis na Stát Aontaithe le fios go n-aisghairfear iad. Dá réir sin, tá an riosca fós ann maidir le sraonadh trádála dá dtitfeadh beart coimirce an Aontais i léig, i gcás earraí a seoltar chuig na Stáit Aontaithe ar earraí iad a onnmhairíodh isteach i margadh na Stát Aontaithe roimhe seo ach nach n-onnmhairítear a thuilleadh mar thoradh ar bhearta faoi Roinn 232 SAM.

(f) Staid na mbeart cosanta trádála agus na mbeart sriantach trádála i dtríú tíortha

(47) Le linn na tréimhse a breithníodh, i dteannta bhearta faoi Roinn 232 SAM, atá fós i bhfeidhm, bhreathnaigh an Coimisiún go raibh bearta nua á bhforchur go leanúnach i ndlínsí éagsúla a dhéanann difear den chuid is mó do na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas, i dtaca le réimse leathan táirgí cruach, lena n-áirítear roinnt díobh siúd a thagann faoin mbeart coimirce ([36]). Áirítear leis sin an fógra le déanaí maidir le fad a chur leis an mbeart coimirce le haghaidh táirgí áirithe cruach ón Ríocht Aontaithe ([37]).

(48) An treocht seo a breithníodh inar tháinig méadú leanúnach ar raon feidhme na gcatagóirí cruach atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála agus dleachtanna frithchúitimh, nach bhfuil aon chuma orthu go n-iompóidh siad san am atá amach romhainn, cuireann an treocht sin leis na deacrachtaí thuasluaite do thíortha onnmhairiúcháin margaí a aimsiú dá n-onnmhairí, rud a chuireann leis an teannas iomaíochta agus a chuireann le láidreacht iompar na n-onnmhaireoirí

(g) Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(49) Is é an tAontas an margadh allmhairiúcháin cruach is mó ar domhan ó thaobh méideanna de faoi láthair ([38]). Ó thaobh leibhéal na bpraghsanna de, bíonn praghasanna ollmhairiúcháin isteach san Aontas óna phríomhthíortha soláthair níos airde go comhsheasmhach ná a bpraghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú margaí eile i gcás fhormhór mór a n-onnmhairí cruach (in 53 % go 73 % de na cóid iomlána a ndéantar difear dóibh tá na luachanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas níos airde ná na luachanna onnmhairiúcháin chuig tríú margaí eile) ([39]).

(50) Ciallaíonn sin go bhfuil spéis ag onnmhaireoirí dul i bhfód ar mhargadh an Aontais ar gach uile bhealach agus uaireanta go dtabhaítear iompar éagóirigh praghsála leis. Go deimhin, le blianta beaga anuas d'fhorchuir an Coimisiún sraith beart frithdhumpála agus frithchúitimh ar allmhairí cruach, lena n-áirítear na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an mbeart coimirce.

(51) Deimhníonn treochtaí staidrimh na n-allmhairí isteach san Aontas (féach Tábla 9) tarraingteacht mhargadh an Aontais do na onnmhaireoirí. Tá méadú fiú tagtha ar sciar margaidh na n-allmhairí isteach san Aontas, ar an meán le linn na tréimhse a breithníodh i gcomparáid leis an tréimhse sular forchuireadh an beart coimirce, i gcomhthéacs tomhaltais atá ag laghdú agus in ainneoin coimirce a bheith i bhfeidhm.

(52) I bhfianaise na ngnéithe sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil margadh cruach an Aontais tarraingteach i gcónaí do thíortha onnmhairiúcháin.

3.1.3. *Conclúidí*

(53) Ar bhonn na fianaise agus na mbreithnithe atá thuas, fuair an Coimisiún amach go bhfuil tionscal cruach an Aontais fós leochaileach, tar éis na chéad trí bliana den bheart coimirce.

(54) Fuair an Coimisiún amach freisin gur chuir allmhairí ó na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach brú allmhairiúcháin ollmhór ar mhargadh cruach an Aontais agus go bhfuil an brú sin fós á chur, agus go bhfuil patrún ionsaitheach faille d'iompraíocht trádála ann, is é sin le rá, go n-úsáidtear aon chorrlach chun láithreacht sa mhargadh a mhéadú.

([36]) ECFE, Forbairtí sa trádáil chruach agus forbairtí ar bheartais trádála, an 24 Feabhra 2021, Iarscríbhinn A.

([37]) Fógra faoi chinneadh 2020/06: safeguard measures on certain steel products – application of tariff rate quotas - GOV.UK (www.gov.uk)

([38]) Féach Roinn 3.1.2.c. den Rialachán seo.

([39]) Foinse sonraí loma: Global Trade Atlas 'GTA'. https://www.gtis.com/gta/. Figiúirí a bhaineann leis an tréimhse 2015-2020, i dtaca le honnmhairí ó na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas, is iad sin an tSín, an India, an Rúis, an Chóiré Theas, an Téaváin, an Tuirc agus an Úcráin. (Níor níor cuireadh an Ríocht Aontaithe san áireamh, toisc go raibh sí fós ina Ballstát den Aontas sa tréimhse a measadh, cé bhfuil sí ar cheann de na 8 dtír onnmhairiúcháin is mó chuig an Aontas).

(55) Thairis sin, i bhfianaise na dtreochtaí anuas maidir le honnmhairiúcháin agus tomhaltas intíre atá ann faoi láthair ar fud an domhain i dtaca leis na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach le linn na tréimhse a breithníodh, a bhí ar siúl cheana féin roimh phaindéim COVID-19, agus i gcomhthéacs foriomlán ina bhfuil ró-acmhainneacht shuntasach, thug an Coimisiún dá aire ansin nach mór d'onnmhaireoirí a ndíolacháin a mhéadú ar aon mhargadh a d'fhéadfadh a bheith ann chun gur féidir leo leanúint ag feidhmiú.

(56) Dheimhnigh an t-imscrúdú freisin go bhfuil srianta trádála i bhfeidhm i gcónaí i mórmhargaí cruach eile, lena n-airítear, na Stáit Aontaithe arb é an dara tír allmhairiúcháin is mó ar domhan é, agus go ndéanann na srianta sin difear do chumas na dtíortha onnmhairiúcháin cruach a dhíol leo, i gcomhthéacs ginearálta ina bhfuil meath leanúnach ar thomhaltas cruach.

(57) Dheimnigh an t-imscrúdú freisin go bhfuil margadh an Aontais níos tarraingtí d'allmhairí ó thaobh méide agus leibhéal praghsanna de, agus mar sin go bhfeadfadh margadh an Aontais a bheith ina mhargadh a bhféadfaí méideanna móra cruach a dhíriú air.

(58) Léiríonn an anailís fhrithfhíorasach a rinneadh i bhfianaise na sraithe fachtóirí a bhfuil cur síos orthu i Roinn 3.1.2 chun a chinneadh cad a tharlódh dá mbainfí an beart coimirce, léiríonn an anailís sin go soiléir go bhfuil dóchúlacht mór ann go bhféadfaí na méideanna móra cruach nach ndíoltar in áiteanna eile ar fud an domhain a dhíriú ar mhargadh an Aontais.

(59) De bharr na n-allmhairí breise sin mar aon leis na hallmhairí atá ann cheana thiocfadh meath breise an-tromhchúiseach ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, agus d'fhéadfadh siad a inmharthanacht a chur i mbaol go mór. Tá sé deimhnithe dá bhrí sin go ndéanfaí mórdhíobháil do thionscal an Aontais de bharr an mhéadaithe ar allmhairí dá rachadh an beart coimirce i léig. Ní dhéantar difear don chonclúid seo le héifeachtaí reatha phaindéim COVID-19 ar thionscal an Aontais. Cé gur measa fós staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in 2020 i ngeall ar phaindéim COVID-19, dheimhnigh an Coimisiún go ndéanfaí mórdhíobháil do thionscal an Aontais de bharr an mhéadaithe is dócha a bheidh ar allmhairí i gcás ina rachadh an beart coimirce i léig.

(60) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh na méideanna méadaithe sin dochar suntasach a dhéanamh d'aon téarnamh fiúntach eacnamaíoch agus do na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag tionscal cruach an Aontais ina phróiseas coigeartaithe do leibhéal allmhairí níos airde, a bhfuil cur síos orthu sa roinn seo a leanas. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart coimirce chun mórdhíobháil a chosc.

(61) Tá an gá sin ann freisin toisc nach bhfuil an deis ag an Aontas faoi rialacha EDT, dleachtanna allmhairiúcháin a mhéadú ar an táirge lena mbaineann gan beart coimirce a dhéanamh. Go deimhin, san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, shocraigh an tAontas a tharaifí allmhairiúcháin ar leibhéal nialasach le haghaidh na línte taraife a áirítear sa táirge lena mbaineann. Ar an gcúis sin, faoi mar a bhí in 2018 ba léir gurb é an méadú ar allmhairí an toradh a bhí ar éifeacht na n-oibleagáidí sin (is iad sin lamháltais taraife le dleacht nialasach) arna dtabhú ag an Aontas faoi GATT, cheadódh na hoibleagáidí sin méadú arís ar allmhairí, agus bheadh mórdhíobháil ann do thionscal an Aontais, dá rachadh an beart coimirce i léig.

3.2. **Coigeartú**

(62) Nuair a thug an Coimisiún isteach an beart coimirce sealadach i dtaca le cruach isteach i mí Iúil 2018, bhí tús curtha cheana ag tionscal cruach an Aontais le próiseas coigeartaithe i dtaca leis an ngéarchéim thromchúiseach a tharla san earnáil cruach ó bhí lár na bliana 2010 ann, nuair a tháinig moill ar an éileamh ar chruach ar fud an domhain agus méadú fós ag teacht ar an acmhainneacht. An mhíchothromaíocht sin, a bhí níos measa fós de bharr idirghabháil an Stáit lena dtacaítear le méaduithe ar an acmhainneacht agus lena gcoisctear dúnadh saoráidí neamheacnamaíocha i roinnt tríú tíortha, rinne sí saobhadh ar dhinimic an mhargaidh agus chuir sí srian ar tháirgeoirí casadh ar mhargaí onnmhairiúcháin, rud a chothaigh cásanna cosanta trádála, cuid mhór acu a raibh baint acu leis an tSín áit a bhfuil an ró-acmhainneacht is mó.

(63) Thug an tAontas freagairt thapa ar an ndúshlán sin. In 2013, leag an Coimisiún amach plean uaillmhianach de ghníomhaíochtaí spriocdhírithe, ina 'Phlean Gníomhaíochta maidir le tionscal cruach inbhuanaithe agus iomaíoch san Eoraip' ([40]), ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, chun cur le hiomaíochas thionscal cruach an Aontais agus chun é a dhéanamh inbhuanaithe agus ábalta dul san iomaíocht ar fud an domhain, agus chun an chéad ghlúin eile de tháirgí cruach a fhorbairt atá ríthábhachtach do phríomhthionscail eile san Eoraip.

([40]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2013 (COM/2013/0407 final).

(64) Ina thuarascáil "*The current capacity shake-up in steel and how the industry is adapting*" ([41]) a foilsíodh i mí Eanáir 2018, mheas comhlacht comhairliúchán Mc Kinsey go bhfuil na deich mbliana idir 2016-2025 luaineach agus aibí le haghaidh tuilleadh athstruchtúrúcháin, i bhfianaise go raibh na hiarrachtaí comhdhlúthúcháin agus coigeartaithe i gcodanna áirithe den domhan, go háirithe san Eoraip *'á fhritháireamh den chuid is mó tríd an forleathnú leanúnach in áiteanna eile'*. Mhínigh an tuarascáil freisin an bealach ina bhfuil cuideachtaí *'go háirithe san Eoraip, sa Chóiré Theas agus sa tSeapáin ag oiriúnú don ró-acmhainneacht domhanda 'trí tháirgí nua agus síntí ar shamhlacha gnó a shaothrú a chuireann ar a gcumas dóibh bogadh chun tosaigh sa slabhra luacha'*. Mhínigh an Tuarascáil a thuilleadh *'ina theannta sin, cumhdaíonn an nuálaíocht san earnáil cruach freisin na croíphróisis táirgthe, lena ndírítear ar réitigh chun costais táirgthe a laghdú, feidhmiúlacht táirgí a fheabhsú, nó an t-ualach ar an gcomhshaol a laghdú'. Bhíothas ag tnúth sa Tuarascáil ar deireadh 'go mbainfeadh níos mó príomhghníomhaithe triail as nuálaíocht cheannródaíoch i bpróisis táirgthe, agus an tuairim atá ann le fada a athrú, is í sin go bhfuil an teicneolaíocht táirgthe cruach aibithe cheana agus mar sin go bhfuil spás teoranta inti le haghaidh gnóthachain táirgeachta breise'*.

(65) Sa chomhthéacs sin, i mí an Mhárta 2016, bhreathnaigh an Coimisiún ar na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme faoi Phlean Gníomhaíochta Cruach 2013 agus, trí bhíthin a Theachtaireachta *'Cruach: Poist agus fás inbhuanaithe a chaomhnú san Eoraip'* ([42]), threisigh sé na gníomhaíochtaí chun infheistíocht a chur chun cinn agus gnó níos fabhraí a chruthú rud ba cheart cuidiú le hearnáil cruach an Aontais ina hiarrachtaí maidir le dul in oiriúint. Go háirithe, rinne an Coimisiún a thionscnaimh straitéiseacha uile an Aontais a athdhíriú go hiomlán agus ar bhealach luathaithe chun dlús a chur leis na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh ag tionscal cruach an Aontais chun nuachóiriú a dhéanamh agus nuálaíochtaí a chur chun feidhme lena ráthaítear a iomaíochas agus a inbhuanaitheacht.

(66) Mar a míníodh i Roinn 3.1.e), nuair a ghlac na Stáit Aontaithe a bhearta faoi Roinn 232 maidir le cruach, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2018, méadaíodh an mhíchothromaíocht ainsealach idir an acmhainneacht chruach agus an t-éileamh atá uirthi. Mar gheall air gur dúnadh an margadh allmhairiúcháin cruach is mó a bhí ann ag an am, d'éirigh na príomhthíortha onnmhairiúcháin níos ionsaithí ina gcuardach éadóchasach ar mhargaí dá n-ionchur breise.

(67) Sna himthosca sin, an fhreagairt chomhréireach a thug an Coimisiún le tabhairt isteach a bhirt coimirce i TRQanna, beart a tugadh isteach i bhfoirm shealadach i mí Iúil 2018 agus i bhfoirm chinntitheach i mí Feabhra 2019, chabhraigh sé leis an sraonadh trádála a dhíspreagadh agus choisc sé an treisiú ar an méadú tobann géar ar allmhairí cruach a bhí ag tarlú cheana i dtionscal cruach an Aontais. In éagmais na gníomhaíochta sin, chuirfí bac ar na hiarrachtaí coigeartaithe a bhí á dhéanamh ag tionscal cruach an AE oiriúnú don ró-acmhainneacht domhanda a bhí ag méadú agus do na margaí cruach a ndéanfar comhtháthú orthu de réir a chéile.

(68) Faoi bheart coimirce an Aontais, leanadh d'iarrachtaí coigeartaithe i dtionscal cruach an Aontais. Ina aighneachtaí agus ina fhreagraí ceistneora, tá fianaise ag tionscal cruach an Aontais go raibh coigeartú á dhéanamh aige le linn na chéad trí bliana de chur i bhfeidhm na coimirce. An fhaisnéis rúnda a cuireadh isteach, a forlíonadh le preaseisiúintí, tuarascálacha ó chuideachtaí, agus faisnéis eile atá ar fáil go poiblí, léirigh sé go raibh gníomhaíochtaí coigeartaithe á nglacadh ag tionscal cruach an Aontais chun costais a laghdú, feidhmíocht a fheabhsú, nuálaíocht a dhéanamh agus tabhairt faoi chlaochlú i dtaca leis an gcomhshaol i gcomhréir le gealltanais AE maidir leis an athrú aeráide a chomhrac. Baineann na coigeartuithe atá doiciméadaithe leis na catagóirí táirgí a chumhdaítear le beart coimirce cruach an Aontais. Leis na coigeartuithe sin, ullmhaítear tionscal cruach an Aontais chun go bhfanfaidh sé inbhuanaithe ó thaobh airgeadais agus comhshaoil de san fhadtéarma.

(69) Ar thaobh amháin, thuairiscigh tionscal cruach an Aontais bearta chun feidhmíocht a fheabhsú, costais a laghdú agus chun an slabhra luacha a bharrfheabhsú, amhail laghduithe ar phoist, saoráidí nach bhfuil chomh héifeachtach nó tearcúsáidte a dhúnadh, chomh maith le hinfheistíochtaí in innealra agus i bpróisis táirgthe nua ([43]). Ar an taobh eile, tá doiciméadú déanta ag tionscal cruach an Aontais maidir le coigeartuithe réamhbhreathnaitheacha chun an iomaíochas a threisiú san fhadtéarma, amhail infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua inbhuanaithe (teicneolaíocht an

([41]) ©McKinsey & Company, Metals and Mining Practice, Mí Eanáir 2018. Ar fáil ag: https://www.mckinsey.com/~/media/mckinsey/industries/metals%20and%20mining/our%20insights/the%20current%20capacity%20shake%20up%20in%20steel%20and%20how%20the%20industry%20is%20adapting/the-current-capacity-shake-up-in-steel-and-how-the-industry-is-adapting.pdf

([42]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2016 (COM/2016/0155 final).

([43]) Féach, mar shampla, fógra ArcelorMittal foirnéis agus gléasra cruach Krakow sa Pholainn a dhúnadh go buan, an 8 Deireadh Fómhair 2020, ar fáil ag: https://www.spglobal.com/platts/en/market-insights/latest-news/metals/100820-arcelormittal-to-permanently-close-krakow-furnace-and-steel-plant-in-poland.
Féach freisin fógra Bekaert ag: https://www.bekaert.com/en/about-us/news-room/news/bekaert-announces-restructuring-plans-belgium , Productos Tubulares' job reduction in its open questionnaire reply and Outokumpu's announcement to reduce its total employee headcount in Annex 32 of EUROFER's submission.

chomhshaoil san áireamh), próisis táirgthe, agus i nuálaíocht táirgí. I measc táirgeoirí cruach eile, tá roinnt táirgeoirí cruach amhail Aperam ([44]), Thyssenkrupp ([45]) nó ArcelorMittal ([46]), tar éis na teicneolaíochtaí nuálacha is déanaí agus an t-uathoibriú méadaithe agus an digitiú a ghlacadh ina bpróisis. Tá táirgeoirí eile, amhail Voestalpine ([47]) nó Salzgitter ([48]), tar éis a gcuid táirgí a dhifreáil trí infheistíocht a dhéanamh in earnálacha críochúsáide den scoth (amhail an earnáil mótarfheithiclí, earnáil an fhuinnimh) agus trí chomhoibriú go dlúth le custaiméirí i dtaca le gráid agus réitigh chruach nua. Cuidíonn na coigeartuithe sin go léir le tionscal cruach an Aontais dul in oiriúint do mhargadh atá níos iomaíche agus a bhfuil níos mó brú ar allmhairí ann.

(70) Ní mór a thabhairt faoi deara nár tháinig deireadh leis na hiarrachtaí coigeartaithe sin nuair a thosaigh an ghéarchéim eacnamaíoch a tharla de bharr phaindéim COVID-19, cé gur chuir suaití agus éifeachtaí díobhálacha eacnamaíocha na géarchéime leis an gcastacht agus leis an ualach atá ar thionscal an Aontais a phróiseas oiriúnúcháin a chur i bhfeidhm.

(71) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal*'an Straitéis Eorpach Nua maidir le Tionsclaíocht'*, a foilsíodh i mí an Mhárta 2020 ([49]), leagadh síos na prionsabail lena dtreoraítear iarrachtaí coigeartaithe thionscal cruach an Aontais faoi láthair, inar leag sé síos an dúshraith do bheartas tionsclaíoch a thacódh leis an dá aistriú chuig geilleagar glas digiteach, agus lena gcuirfí le hiomaíochas thionscal an Aontais ar fud an domhain agus feabhas a chur ar neamhspleáchas straitéiseach oscailte na hEorpa.

(72) Ós rud é gur glacadh an straitéis sin go díreach nuair a bhris paindéim COVID-19 amach, thug an Coimisiún an straitéis sin cothrom le dáta le déanaí i mí na Bealtaine 2021 trí bhíthin a Theachtaireachta *'Margadh aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa'* ([50]), ina ndéantar breithniú ar na bearta éigeandála agus téarnaimh a chuir an tAontas chun feidhme idir an dá linn, i gcomhthéacs bheartas tionsclaíochta níos leithne an Aontais. Sa nuashonrú sin ar bheartas tionsclaíoch an Aontais, cuireann an Coimisiún béim ar an ngá atá le dlús a chur leis an aistriú chuig samhail eacnamaíoch agus thionsclaíoch a bheidh níos glaine, níos digití agus níos athléimní, d'fhonn iarracht na hEorpa i dtreo an iomaíochais inbhuanaithe a choinneáil agus a fheabhsú".

(73) Mar gheall ar a thábhachtaí atá sé, baineann ceann de na trí Dhoiciméad Inmheánacha Oibre ('SWD') a ghabhann le nuashonrú na Straitéise Tionsclaíochta 2020 leis an tionscal cruach: *'I dtreo cruach Eorpach atá iomaíoch agus glan'* ([51]) . Tuairiscítear sa SWD seo na dúshláin agus na deiseanna atá ann do thionscal cruach an Aontais, chomh maith le bosca uirlisí beartais an Aontais atá ar fáil chun tacú leis na hiarrachtaí a dhéanfaidh tionscal cruach an Aontais amach anseo chun an dá aistriú a threorú.

(74) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil coigeartú á dhéanamh ar thionscal cruach an Aontais, agus go mbeidh coigeartú á dhéanamh ar an tionscal fós i gcás níos mó allmhairí, le linn an beart coimirce a chur i bhfeidhm.

3.3. **Fad tréimhse an fhadaithe**

(75) Chinn an Coimisiún go bhfuil gá le beart coimirce cruach an Aontais i gcónaí chun mórdhíobháil a chosc agus go bhfuil fianaise ann go leanann tionscal an Aontais de bhearta cur chun feidhme a chur i bhfeidhm chun é a choigeartú do staid mhargaidh ar a bhfuil brú níos airde ó allmhairí. Mar sin féin, de réir Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2015/478, lena dtrasuitear Airteagal 7.2 de Chomhaontú EDT maidir le Beart Coimirce, '[the duration of a safeguard measure]...must be limited to the period of time necessary to prevent or remedy serious injury and to facilitate adjustment on the part of Union producers' [ní mór fad birt coimirce a theorannú don tréimhse is gá chun mórdhíobháil a chosc nó a leigheas agus chun coigeartú do tháirgeoirí an Aontais a éascú] .

(76) Ar dtús, socraíodh beart coimirce an Aontais go mairfeadh sé trí bliana go dtí an 30 Meitheamh 2021. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, le linn an dara bliain de chur i bhfeidhm an bhirt coimirce, gur chuir an ghéarchéim eacnamaíoch a d'eascair as paindéim COVID-19 fad le próiseas oiriúnaithe thionscal cruach an Aontais, agus cuid de na hacmhainní atá ar fáil á tabhairt aige chun na cuideachtaí cruach a choimeád ag dul sna céimeanna is criticiúla de phaindéim COVID-19.

([44]) Féach an Tuarascáil Airgeadais Eatramhach, Leathbhliantúil dar críoch 30 Meitheamh 2020, lgh. 12-14, Aperam Leadership Journey® ar fáil ag: https://www.aperam.com/sites/default/files/documents/Aperam%20Half%20Year%202020.pdf

([45]) Féach, mar shampla, freagra ceistneora oscailte agus iarscríbhinní Thyssenkrupp.

([46]) Chun cur síos mionsonraithe a fháil ar thionscadail ArcelorMittal agus ar phreaseisiúintí gaolmhara, féach IARSCRÍBHINN 18 d'aighneacht EUROFER.

([47]) Féach, mar shampla, an freagra ceistneora oscailte Voestalpine.

([48]) Féach clár cuimsitheach athstruchtúrúcháin Salzgitter ar fáil ag: https://www.salzgitter-ag.com/en/company/strategy.html agus infheistíocht Salzgitter Mannesman Precision Tubes' ar: https://www.ndt.net/search/docs.php3?id=24381

([49]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10.3.2020, (COM(2020)102 final).

([50]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5.5.2021, (COM(2021)350 final).

([51]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 5.5.2021, SWD(2021) 353 final).

(77) Chinn an Coimisiún freisin go mbeadh fad tréimhse bliana amháin go díréireach gairid. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil tionscal cruach an Aontais , mar a léiríonn a tháscairí tionsclaíocha agus airgeadais le haghaidh 2020, leochaileach faoi láthair agus go bhfuil sé fós leochaileach i leith turraing mar gheall ar allmhairí más rud é go dtéann an beart coimirce i léig ag an gcéim seo, rud a d'fhéadfadh na hiarrachtaí coigeartaithe a rinneadh go dtí seo a chur i mbaol. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil drochstaid trádála ghinearálta agus eacnamaíoch ann go fóill, trádáil nár tháinig slán go hiomlán as an gcúlú paindéime fós.

(78) I dtaca leis sin, in ainneoin go bhfuil ionchais fáis OTI le haghaidh 2021 á n-uasghrádú de réir a chéile i bhformhór na réamhaisnéisí, mar gheall ar thorthaí dearfacha ó chur i gcrích an vacsaínithe i bhformhór thíortha an iarthair, thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil muinín na saoránach fós leochaileach ag an tráth seo i ngeall ar éiginnteachtaí sa phróiseas vacsaínithe agus i ngeall ar na deacrachtaí chun paindéim a rialú i dtíortha trádála tábhachtacha amhail an Bhrasaíl agus an India. Ina Thuarascáil Ionchais is déanaí Bealtaine/Meitheamh 2021 d'ardaigh Oxford Economics a réamhaisnéis dhomhanda OTI agus tá súil aige anois go bhfásfaidh sí 6,3 % i mbliana agus 4,6 % in 2022, 0,4 agus 0,2 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sa réamhaisnéis roimhe sin, de réir mar a thagann feabhas ar gheilleagair a bhí buailte le linn na gcéimeanna is measa den phaindéim. Maidir leis an limistéar euro, tá Oxford Economics ag súil go méadóidh OTI 4.2 % in 2021 agus 4.7 % in 2022, agus go dtiocfaidh sé chuige féin go dtí an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim ar feadh tréimhse nach faide ná tús 2022. Maidir leis an gCoimisiún, i Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2021 uaidh, rinne sé uasghrádú freisin ar a réamhaisnéis le haghaidh gheilleagar an Aontais agus tá súil aige go dtiocfaidh méadú 4,2 % air in 2021 agus 4,4 in 2022. Ó thaobh an téarnaimh de, tá difríochtaí móra sna rátaí fáis idir na Ballstáit agus tá an Coimisiún ag súil nach dtiocfadh na geilleagair chucu féin sna Ballstáit uile mar a bhí roimh an ngéarchéim ach amháin faoi dheireadh 2022.

(79) Sna himthosca sin, d'fhonn cosc a chur le mórdhíobháil mhíchuí a bheith ar thionscal an Aontais más rud é go dtéann an beart coimirce i léig ag an gcéim seo, measann an Coimisiún gur gá fad a chur leis an mbeart go ceann trí bliana breise go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(80) Mar sin féin, d'fhonn a ráthú go mbeidh an fadú teoranta fós don íosmhéid is féidir is gá, beidh an fadú faoi réir an chórais athbhreithniúcháin dá bhforáiltear i Roinn 4, lena bhforáiltear, i measc nithe eile, athbhreithniú chun a chinneadh ar cheart deireadh a chur leis an mbeart coimirce faoin 30 Meitheamh 2023 tar éis fad tréimhse dhá bhliain.

3.4. **Leibhéal an Léirscaoilte**

(81) Socraíodh ráta léirscaoilte an bhirt coimirce atá ann faoi láthair ar ráta bliantúil 3 %. Rinne an Coimisiún measúnú, bunaithe ar fhianaise atá ar fáil, an raibh an leibhéal léirscaoilte sin iomchuí fós agus i gcomhréir leis na forbairtí agus na hionchais sa mhargadh. Chomh maith leis na réamhaisnéisí eacnamaíocha ginearálta agus na táscairí téarnaimh a bhaineann go sonrach leis an tionscal agus a thuairiscítear sa roinn roimhe seo chun fad tréimhse an fhadaithe a mheasúnú, tá táscairí téarnaimh trádála measta ag an gCoimisiún.

(82) I ndáil leis sin, ina réamhaisnéis GTA ar shreafaí trádála mhí Aibreáin, tá tuartha ag IHS Markit méaduithe tábhachtacha bliain ar bhliain i bhfíorluach na trádála domhanda le méaduithe 6,5 % agus 4,3 % faoi seach in 2021 agus 2022 lenar féidir an leibhéal a bhí ann roimh phaindéim COVID-19 a bhaint amach faoi dheireadh 2021. Mar sin féin, beidh meath fós ar an trádáil dhomhanda i ndáil leis an treocht fhadtéarmach 2011-2019 roimh COVID-19, nach mbainfear amach go dtí 2025/2026. Thairis sin, tá IHS Markit ag tuar go bhfásfaidh an trádáil dhomhanda ar mheán níos ísle Ráta Fáis Iolraithe Bhliantúil ar ráta 2,9 % le linn 2021-2030.

(83) Sna himthosca sin, de réir mar a fheictear sna réamhaisnéisí reatha, níltear ag súil go ndéanfar dálaí fónta eacnamaíocha agus trádála a bhí ann roimh an bpaindéim a athbhunú laistigh den Aontas go dtí deireadh an chéad leath de 2022, agus i gcomhréir leis an ráta fáis atá tuartha i dtreocht na sreafaí trádála atá ann faoi láthair, ní fheictear don Choimisiún go bhfuil aon chúis ann an ráta léirscaoilte 3 % sa chéad bhliain den fhad tréimhse a athrú ag an bpointe seo.

(84) Ina theannta sin, trí 3 % a choinneáil ar a laghad go dtí an 30 Meitheamh 2022, coinneofar allmhairí ar 32.5 milliún tona ar a mhéad, méid atá fós beagán faoi bhun an taifid stairiúil 2018. D'fhéadfaí an taifead stairiúil a bhaint amach bliain ina dhiaidh sin, a luaithe a bheidh na dálaí eacnamaíocha agus trádála slán faoin am sin.

4. **CÓRAS ATHBHREITHNIÚCHÁIN LE LINN AN FHAID TRÉIMHSE**

(85) D'fhonn a ráthú nach mbeidh an beart coimirce i bhfeidhm ach amháin a mhéid is gá, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú chun a chinneadh ar cheart, ar bhonn na n-imthosca ag an am sin, deireadh a chur leis an mbeart coimirce faoin 30 Meitheamh 2023, eadhon tar éis fad tréimhse dhá bhliain. Ina theannta sin, d'fhonn feidhmiú an bhirt coimirce arna chur in oiriúint d'fhorbairt an mhargaidh a choinneáil idir an dá linn agus i gcomhréir le leas na

geallsealbhóirí go léir, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfeidhmiú, cosúil leis na hathbhreithnithe a rinneadh in 2019 agus 2020. Cuirfear tús leis an athbhreithniú feidhme sin luath go leor roimh ré chun aon athrú riachtanach a thabhairt isteach ón 1 Iúil 2022, tar éis an chéad fhad tréimhse bhliana. Cuirfear tús le hathbhreithniú láithreach ar an mbeart coimirce más rud é go dtugann SAM isteach athruithe ar an mbeart faoi Roinn 232 maidir le cruach a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar na sreafaí trádála atreoraithe go míchuí a ghineann sé faoi láthair.

(86) Chinn an Coimisiún freisin go bhféadfaí an luas léirscaoilte 3 % a athbhreithniú mar sin féin agus, dá mba ghá, athrú a dhéanamh air le linn an athbhreithniúcháin ar an bhfeidhmiú atá le tabhairt chun críche faoin 30 Meitheamh 2022, más rud é go dtugann imthosca an cháis údar leis.

5. **LEAS AN AONTAIS**

(87) Tá sé fiosraithe ag an gCoimisiún freisin an ann d'aon chúis eacnamaíoch láidir arb é an toradh a bheadh uirthi nach chun leasa an Aontais é fad a chur leis an mbeart coimirce atá ann faoi láthair.

(88) Chun na críche sin, rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar na mbeart a d'fhéadfadh a bheith ar tháirgeoirí, ar allmhaireoirí agus ar úsáideoirí an Aontais. Leagtar an measúnú ar an bhfianaise atá ar fáil amach mar seo a leanas: i) staid eacnamaíoch tháirgeoirí cruach an Aontais agus an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil leis an mbeart a bhaint Roinn 5.1); agus ii) leas úsáideoirí agus allmhaireoirí, i bhfianaise na nganntanas soláthair a líomhnaítear, leibhéal ard na bpraghsanna cruach agus na moilleanna soláthair a mhaígh roinnt páirtithe leasmhara, chomh maith leis an nasc cúisíoch a d'fhéadfadh a bheith idir na héifeachtaí líomhnaithe sin agus beart coimirce cruach an Aontais (féach Roinn 5.2). Ina mheasúnú, bhreathnaigh an Coimisiún go háirithe ar fhorbairt úsáid TRQanna faoin mbeart coimirce agus ar infhaighteacht fhoriomlán allmhairí sa soláthar do mhargadh an Aontais.

5.1. **Leas de chuid tháirgeoirí an Aontais**

(89) Tá os cionn 500 láithreán táirgthe ag tionscal cruach an Aontais, agus iad ag feidhmiú ar fud 23 Bhallstát de chuid an Aontais. Fostaíonn an tionscal féin 330 000 duine, agus nuair a áirítear poist indíreacha agus poist cruthaithe eile in earnálacha eile, sin 2.6 milliún post ar fud an Aontais ([52]).

(90) Thuairiscigh an Coimisiún i Roinn 3.1. staid eacnamaíoch tháirgeoirí cruach an Aontais agus bhain sé de thátal as sin go raibh sé riachtanach fad a chur leis an mbeart chun mórdhíobháil a chosc nó a leigheas. Mura gcuirfear fad leis an mbeart, tá sé suite san imscrúdú gur dócha go mbeadh ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar rabharta suntasach allmhairí, rud a bhainfeadh an bonn go mór d'aon iarracht chun coigeartú don bhrú ar allmhairí i staid eacnamaíoch fhoriomlán atá fós neamhchinnte san Aontas.

(91) Dá bhrí sin, rachadh sé chun leasa tháirgeoirí cruach an Aontais fad a chur leis an mbeart.

5.2. **Leas na n-úsáideoirí agus na n-allmhaireoirí**

(92) Thug an Coimisiún dá aire gur fhág an beart coimirce gur féidir le méideanna stairiúla trádála leanúint de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais saor ó dhleacht, agus go ndearnadh é a léirscaoileadh go rialta (trí mhéideanna TRQanna a mhéadú 3 % i mí Iúil 2019 agus i mí Iúil 2020) ([53]). Dá bhrí sin, tá méadú tagtha de réir a chéile ar na méideanna trádála traidisiúnta faoin mbeart coimirce. Ina theannta sin, le linn fad a chur leis, leanfar den bheart coimirce a léirscaoileadh a thuilleadh.


5.2.1. *Úsáid TRQanna faoin mbeart agus an easpa soláthair a líomhnaítear*

(93) Agus úsáid TRQanna á measúnú, thug an Coimisiún dá aire, le linn na chéad trí bliana de chur i bhfeidhm an bhirt coimirce, go raibh méideanna TRQanna saor ó dhleacht ann go leanúnach (agus iad ag méadú i rith an ama) a bhí ar fáil ag deireadh gach tréimhse ábhartha i mbeagnach gach catagóir táirgí, a raibh níos mó ná cuóta tírshonrach amháin ar fáil acu go minic, agus ina lán cásanna a bhí mar chuid den chuóta iarmharach freisin. Thug an Coimisiún dá aire freisin, ón dara bliain de chur i bhfeidhm na mbeart, is é sin, an 1 Iúil 2019, gur tháinig meath géar an ar an treocht maidir le húsáid TRQanna. Dá bhrí sin, b'amhlaidh an cás fiú roimh phaindéim COVID-19.

([52]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin *'Towards competitive and clean European steel'* [I dtreo cruach Eorpach atá iomaíoch agus glan], SWD (2021) 353 final, 5.5.2021.

([53]) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh méadú 5 % tagtha cheana féin ar na sreafaí trádála stairiúla (meán na n-allmhairí in 2015 go dtí 2017) ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Beart Coimirce Cinntitheacha.

(94) Léirítear an fhorbairt sin go soiléir i dTábla 14 ([54]):



Foinse: Bunachar sonraí cuótaí TAXUD

(95) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go bhfuil a chuspóir bainte amach ag an mbeart coimirce maidir hatreorú trádála chuig margadh an Aontais a dhíspreagadh, go raibh go leor méideanna TRQanna saor ó dhleacht ar fáil d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí san Aontas, a bhí i gcomhréir leis an éileamh, agus a sháraigh méideanna móra stairiúla trádála.

5.2.2. *Praghsanna arda cruach*


(96) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar an bhfianaise atá ar fáil maidir leis na méaduithe ar phraghsanna a chonacthas in earnáil na cruach sna chéad mhíonna de 2021 agus cuid den dara leath de 2020. D'fhiosraigh an Coimisiún, go háirithe, an raibh aon nasc ag na méaduithe sin san Aontas agus i margaí domhanda le beart coimirce cruach an Aontais, agus an tionchar atá ag an méadú sin ar mhargadh an Aontais agus/nó a bheadh aige ar mhargadh an Aontais dá gcuirfí fad leis an mbeart coimirce.

(97) I ndáil leis an méid sin, thug an Coimisiún dá aire i dtús báire nach bhfuil aon cheist faoi ([55]) gur tháinig ardú mór ar phraghsanna cruach, lena n-áirítear na praghsanna ar chatagóirí táirgí áirithe sa táirge i gceist, ar fud an domhain le roinnt míonna anuas (ag tosú le linn an dara leath de 2020) ([56]). Feictear an treocht agus an raon feidhme seo go soiléir sna cairteacha atá i nGraif 1-3 ([57]) ina léirítear an fhorbairt ar na praghsanna i dtrí chatagóir táirgí (catagóirí 1, 4 agus 13) ([58]):

([54]) Bunaithe ar thiomsú na sonraí a bhí ar fáil sa bhunachar sonraí ag deireadh na tréimhse faoi seach.
([55]) Féach an fhrisnéis ó EUROFER, lgh.37-39.
([56]) Féach ar *Steel Market developments Q2 2021* [forbairtí ECFE i Margadh Cruach Ráithe 2 2021], an 1 Márta 2021, figiúirí 3, 4 agus 5.
([57]) Foinse: S&P Global Platts, ©2021 le S&P Global, Inc – sonraí go dtí an 11 Bealtaine 2021.
([58]) Níl sé i gceist go mbeadh rogha na gcatagóirí seo uileghabhálach ó thaobh raon feidhme de, ach mar sin féin tá sé ábhartha comhthacaíocht a dhéanamh ar na treochtaí praghsanna dá dtagraíonn roinnt páirtithe leasmhara (úsáideoirí den chuid is mó) toisc go bhfuil na catagóirí sin ar cheann de na catagóirí is ábhartha ó thaobh mhéideanna na n-allmhairí de agus baineann siad freisin le dhá thacar táirgí (táirgí cothroma (catagóir 1 agus catagóir 4) agus táirgí fada (catagóir 13).


Graf 1

Praghsanna cruach teorollta i roinnt de na príomhthíortha déanta cruach




Graf 2

Praghsanna cruach galbhánaithe teothumtha i roinnt de na príomhthíortha déanta cruach



Léaráid 3


Praghsanna barraí treisiúcháin i roinnt de na príomhthíortha déanta cruach



(98) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh méadú mór ag teacht freisin i rith an ama ar phraghsanna ar amhábhar déanta cruach, go háirithe amhiarann agus seaniarann, le linn na tréimhse céanna nuair a thosaigh praghsanna cruach ag méadú, mar a mhínítear in aithris (91) (féach Graf 4) ([59]).

Graf 4

forbairt praghsanna ar amhiarann ([60])



(99) Míníodh sa Tuarascáil ó ECFE '*prices of the main steelmaking raw materials increased dramatically during the second half of 2020, and as of February 2021 benchmark prices for iron ore, coking coal and scrap were up 97 %, 53 % and 56 %, y-o-y, respectively.*' [gur tháinig méadú as cuimse ar phraghsanna na bpríomh-amhábhar cruach le linn an dara leath de 2020, agus amhail ó mhí Feabhra 2021 gur tháinig ardú 97 %, 53 % agus 56 %, bh-ar-bhl, ar phraghsanna tagarmhairc ar amhiarann, ar ghual cóic agus ar sheaniarann]. ([61])

(100) Deimhníonn an fhaisnéis sin an pictiúr a leagtar amach le forbairt na dtáscairí díobhála i dTábla 1 go Tábla 4. Go háirithe, deimhnítear gur mar gheall ar an méadú ar phraghsanna sa dara leath de 2020, agus ar chomharthaí téarnaimh i ndáil leis an éileamh, a cuireadh feabhas ar staid thionscal an Aontais, ní hionann agus an staid an-diúltach mar a bhí roimhe sin. Mar sin féin, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais filleadh ar chorrlaigh bhrabúsacha faoi dheireadh 2020 mar gheall ar an méadú sin. Is é is cúis leis sin go páirteach an borradh comhthreomhar le praghsanna ar na príomh-amhábhair déanta cruach.

(101) I ndáil leis an méid sin, thug ECFE dá aire '*spite of the sharp increase in steel prices, the steel-raw material price margin, measured by the difference between the price of steel and a basket of steel inputs, has not increased, due to the upswing in raw material prices* [nár mhéadaigh, in ainneoin an mhéadaithe mhóir ar phraghsanna cruach, corrlach an phraghais amhábhar, arna thomhas de réir na difríochta idir praghas an cruach agus ciseán ionchuir cruach, de dheasca ardú praghsanna amhábhar (Figiúr 9).] *Indeed, the basket of raw material prices used to compute the margins was 97 % higher in February 2021, y-o-y*' [Go deimhin, bhí an ciseán praghsanna amhábhar a úsáideadh chun na corrlaigh a ríomh 97 % níos airde i mí Feabhra 2021, bl.-ar-bhl.] ([62])..

(102) Mar a léirítear i nGraif 1-3, thug an Coimisiún dá aire freisin nach feiniméan é an t-ardú ar phraghsanna cruach atá nasctha le margadh an Aontais, ach treocht fhorleathan sna príomhmhargaí cruach ar fud an domhain.

([59]) *Ibid.* lch. 24 , roinn 6.2. Féach freisin: Steel Plats Global '*Fundamentals support strong iron ore prices in 2021:*' [Bunghnéithe tacaíochta i ndáil le praghsanna láidre ar amhiarann in 2021] Platts Analytics', an 4 Bealtaine 2021: https://www.spglobal.com/platts/en/market-insights/latest-news/metals/050421-fundamentals-support-strong-iron-ore-prices-in-2021-platts-analytics (arna rochtain go deireanach an 12 Bealtaine 2021). Financial Times '*Iron ore price leaps 10 % on hopes of global economic recovery*'[Méadaíonn an praghas ar amhiarann 10 i dtoibinne de bharr go bhfuiltear ag súil le téarnamh eacnamaíoch domhanda], an 10 Bealtaine 2021: https://www.ft.com/content/e4c5d29b-51c2-4e8c-b87a-ad6cac924476 (arna rochtain go deireanach an 12 Bealtaine 2021); Argus Media '*Australia extends forecasts for iron ore price strength*' [Leathnaíonn an Astráil na réamhaisnéisí chun láidreacht praghsanna amhiarainn a chuimsiú] an 11 Bealtaine 2021, https://www.argusmedia.com/en/news/2213766-australia-extends-forecasts-for-iron-ore-price-strength?backToResults=true (arna rochtain go deireanach 12 Bealtaine 2021), Kallanish '*Scrap exceeds $500 in Turkey*' [Sáraíonn an seaniarann $500 sa Tuirc] an 12 Bealtaine 2021, https://www.kallanish.com/en/steel-news/market-reports/article-details/scrap-price-exceeds-dollar500t-in-turkey-0521/ (arna rochtain go deireanach an 12 Bealtaine 2021). Féach freisin an méadú mór ar chostais iompair, S&P Global Platts (an 25 Márta 2021) '*High container freight rates leave commodity traders scrambling for alternatives:* [De dheasca rátaí arda lasta coimeádán tá trádálaithe tráchtearraí ar a míle dícheall ar lorg roghanna eile]: https://www.spglobal.com/platts/en/market-insights/latest-news/shipping/032521-high-container-freight-rates-leave-commodity-traders-scrambling-for-alternatives

([60]) Arna baint amach as Steel Platts Global '*Fundamentals support strong iron ore prices in 2021*[Bunghnéithe tacaíochta i ndáil le praghsanna láidre ar amhiarann in 2021] Platts Analytics', an 4 Bealtaine 2021, ar fáil ag: https://www.spglobal.com/platts/en/market-insights/latest-news/metals/050421-fundamentals-support-strong-iron-ore-prices-in-2021-platts-analytics (arna rochtain go deireanach an 15 Bealtaine 2021).

([61]) Féach ar *OECD's Steel Market developments Q2 2021* [forbairtí ECFE i Margadh Cruach Ráithe 2 2021], an 1 Márta 2021, lch.24.

([62]) *Ibid.* lch.27.

(103) Dá ainneoin sin, áfach, mar a léirítear i dtábla 14, thug an Coimisiún dá aire go raibh cuid mhór cuótaí saor ó dhleacht ar fáil ó roinnt foinsí i mbeagnach gach catagóir táirgí sa tréimhse dheireanach den bheart, i.e. ag tosú an 1 Iúil 2020 ([63]). Dá bhrí sin, níor chuir an beart coimirce teorainn le húsáideoirí an Aontais cruach a cheannach go heisiach ó tháirgeoirí de chuid an Aontais de réir na bpraghsanna a bheadh leagtha síos acu, rud a d'fhágfadh iad gan aon rogha eile soláthair réalaíoch eile (agus saor ó dhleacht) eile. Os a choinne sin, bhí an deis ag úsáideoirí an Aontais allmhairiú ó thíortha tionscnaimh eile de réir na méideanna ábhartha TRQanna saor ó dhleacht a bhí ar fáil do gach catagóir táirge.

(104) Thug an Coimisiún faoi deara freisin gur líomhain úsáideoirí áirithe ina n-aighneachtaí gur cuireadh cosc orthu méideanna níos mó saor ó dhleacht a allmhairiú ó thíortha tionscnaimh sonracha áirithe (bheadh éagsúlacht ann maidir leis na tíortha tionscnaimh sin ag brath ar an gcatagóir táirge atá i gceist). Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire gurb é ceann de na coinníollacha forfheidhmiúcháin beart coimirce a chaomhnú go mbeadh sreafaí traidisiúnta trádála ó thaobh méideanna agus tíortha tionscnaimh de fós ar fáil ar mhargadh an Aontais. Más rud é go bhféadfadh sé gur úsáid tír ar leith a TRQanna tírshonracha go léir i gcatagóir táirge ar leith, cé go bhfuil an iliomad méideanna agus tíortha tionscnaimh a bhfuil TRQanna saor ó dhleacht ar fáil sa chatagóir chéanna sin ach, ní chiallaíonn sé sin go bhfuiltear ag cruthú ganntanas míchuí sa mhargadh leis an mbeart coimirce.

(105) Dá bhrí sin, tugann na fíorais sin le fios go ríshoiléir nach é an beart coimirce is cúis leis an méadú ar phraghas an cruach a breathnaíodh, agus nár chruthaigh sé ganntanas cruach foriomlán ar mhargadh an Aontais. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid mar sin nach bhfuil nasc díreach idir an beart coimirce agus an fhorbairt dhéanach a tháinig ar leibhéil na bpraghsanna cruach. Ina theannta sin, na praghsanna arda i láthair na huaire ní léir go mairfidh siad san fhadtéarma, a luaithe a dhéanfar an margadh a choigeartú do staid tar éis phaindéim COVID-19 ([64]).

5.2.3. *Moilleanna líomhnaithe ar sholáthar*

(106) Ansin thug an Coimisiún a aird ar mheasúnú a dhéanamh ar na moilleanna líomhnaithe a rinne tionscal cruach an Aontais agus é ag soláthar do mhargadh an Aontais ([65]). Ba léir ón imscrúdú go raibh neamhréir shealadach idir an t-éileamh agus an soláthar san Aontas (agus i dtríú margaí eile chomh maith) sa chuid dheireanach den tréimhse a breithníodh nuair a thosaigh an geilleagar ag teacht ar ais chuige féin arís tar éis chúlú eacnamaíoch phaindéim COVID-19 ([66]). Maidir leis sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh ar tháirgeoirí cruach freagairt don laghdú tobann tromchúiseach ar an éileamh a bhí ann in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19 ([67]). D'fhág tionscal an Aontais cuid dá acmhainneacht gan a húsáid chun a chostais sheasta a laghdú a mhéid is féidir agus an acmhainneacht a bhí ar fáil a ailíniú leis an éileamh a bhí ann cheana. Ina dhiaidh sin, níos déanaí in 2020 agus go luath in 2021, bhí t-éileamh i roinnt earnálacha úsáide cruach ag téarnamh go sciobtha agus go tobann, e.g. san earnáil mótarfheithiclí ([68]).

(107) Bhí an staid sin ann freisin i roinnt margaí ar fud an domhain. Maidir leis sin, de réir na Tuarascála is déanaí ó ECFE, dar teideal '*Vast steelmaking capacityled during the heights of the pandemic could be brought quickly sufficient to meet recovering steel demand and restocking, leads to the rapid rise in global steel price*' [Acmhainneacht ollmhór déanta cruach a fágadh gan a húsáid nuair ba mheasa an phaindéim, d'fhéadfaí an acmhainneacht sin a chur á húsáid tapa go leor chun freagairt don éileamh ar chruach atá ag téarnamh agus is é an toradh atá ar an athstocáil ardú tobann ar an bpraghas cruach domhanda] ([69]).

(108) Ar an gcaoi chéanna, thug S&P Platts Global dá aire *'China aside, crude steel production has been slow to ramp up post lockdowns in key countries and regions.* [Diomaite den tSín, bhí moill ar an táirgeacht amhchruach ag cur borradh faoi acmhainneachtaí tar éis dianghlasálacha i bpríomhthíortha agus i bpríomhréigiúin]. *Europe's output fell 7.1 % on year in March, North America's by 8.9 % and India's by 8.6 %, according to the World Steel Association.[Tháinig laghdú 7.1 % ar an mbliain ar aschur na hEorpa i mí an Mhárta, thit sé 8.9 % i Meiriceá Thuaidh agus tháinig laghdú 8.6 % ar aschur na hIndia, de réir an Chomhlachais Dhomhanda Cruach]. In the US, mill capacity utilization rates are still only around 77 %, compared with 80 % in March last year before the pandemic took hold. [Sna Stáit Aontaithe, níl na rátaí úsáide acmhainneachta ach thart ar 77 % fós, i gcomparáid le 80 % i mí an Mhárta anuraidh sula rabhthas ag dul i ngleic leis an*

([63]) Féach freisin S&P Global Platts, an 14 Bealtaine 2021, '*Galvanized sheet supply squeeze, short imports leave EU buyers stranded*' [Fágann brú soláthair leathán galbhánaithe agus gannallmhairí ceannaitheoirí de chuid an Aontais ar an trá folamh]Galvanized sheet supply squeeze, short imports leave EU buyers stranded - EUROMETAL (arna rochtain go deireanach an 15 Bealtaine 2021).

([64]) Féach Fitch Ratings '*Global Steel Price Rally Will Be Short-Lived*' [Ní mhairfidh an Borradh faoin bPraghas Cruach domhanda ach seal gairid] (an 2 Feabhra 2021) https://www.fitchratings.com/research/corporate-finance/global-steel-price-rally-will-be-short-lived-02-02-2021 arna rochtain go deireanach an 12 Bealtaine 2021). Féach freisin IHS Markit, *Steel Price Forecast and Market Outlook:* [Réamhaisnéis agus Ionchas an Mhargaidh i leith Praghsanna Cruach:] https://ihsmarkit.com/solutions/steel-forecast.html (arna rochtain go deireanach an 25 Bealtaine 2021)

([65]) Líomhaintí a rinne roinnt páirtithe leasmhara.

([66]) Féach *Global Market Outlook* Nollaig 2020 agus *Global Market Outlook* [Ionchas Margaidh Dhomhanda] Aibreán 2021, S&P Global Platts (arna rochtain go deireanach an 18 Bealtaine 2021).

([67]) Féach figiúirí tomhaltais i dTábla 2.

([68]) Féach na ráitis ó Comhlachas Monaróirí Gluaisteán Eorpacha (ACEA) an 3 Feabhra 2020 https://www.acea.be/press-releases/article/covid-stakes-are-high-for-european-automotive-recovery-new-facts-and-figure, agus an 30 Iúil 2020 https://www.acea.be/press-releases/article/eu-car-sales-covid-recovery-expected-to-start-in-2021-auto-industry-says

([69]) *OECD'sSteel Market developments Q2 2021* [forbairtí ECFE i Margadh Cruach Ráithe 2 2021], an 1 Márta 2021, lch.21.

*bpaindéim]. Japan's METI forecasts the country's crude steel production at 23.24 million mt in Q2, down from 23.67 million mt in Q1' [*Tá sé tuartha i réamhaisnéisí METI na Seapáine táirgeacht amhchruach na tíre ag 23.24 milliún mt in R2, anuas ó 23.67 milliún mt in R1] ([70]). Thug IHS Markit dá aire freisin go bhfuil *'furnace restarts and sharply increasing imports are starting to alleviate the supply crunch*' [Mar gheall ar foirnéisí a chur ag athobair agus allmhairí atá ag dul i méid go mór táthar ag tosú ag maolú an ghéarcháis soláthair] ([71]).

(109) Chun teacht ar chonclúid, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise atá ar fáil sa chomhad maidir le hoibríochtaí a atosú sna línte táirgeachta a d'fhág tionscal an Aontais gan a n-úsáid le linn na paindéime.

(110) Léiríonn an fhianaise atá sa chomhad go bhfuil méadú leanúnach acmhainneachta ar fáil ar an margadh ó fhoirnéisí a fágadh gan lasadh in 2020 ([72]). Bhí an Coimisiún den tuairim go léiríonn an fhianaise sin go bhfuil tionscal an Aontais ag freagairt don téarnamh eacnamaíoch in earnálacha áirithe iartheachtacha in 2021, a d'fhágfadh go mbeadh sé in ann méideanna níos mó de chruach a sholáthar laistigh de thréimhse níos giorra, agus ar an gcaoi sin, cothromaíocht a athbhunú sa mhargadh ([73]).

(111) Tugadh faoi deara freisin sa Tuarascáil ó ECFE *'steel supply is widely expected to catch up with orders by the end of the first quarter of 2021'* [go bhfuiltear ag súil go forleathan go mbeidh an soláthar cruach céim ar chéim de réir a chéile le horduithe faoi dheireadh na chéad ráithe de 2021] ([74]). Léirítear réamhaisnéisí dá samhail i roinnt foilseacháin speisialaithe ([75]).

(112) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur fadhbanna sealadacha a bhí sna fadhbanna soláthair tar éis an éilimh a mhéadaigh go mór agus, nuair a chuirfeadh tionscal an Aontais na saoráidí a fágadh gan a n-úsáid ag feidhmiú arís, atá ar siúl anois, gur cheart dó sin a bheith ina chuidiú a áirithiú mar sin go n-athbhunófaí dálaí i leith gnáthsholáthar cruach mar a bhíodh roimh an bpaindéim laistigh de thréimhse réasúnta gairid.

5.3. **Conclúidí**

(113) Deimhníodh i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin le déanaí a thábhachtaí atá sé earnáil chruach atá láidir agus iomaíoch a bheith san Aontas. I ndáil leis an méid sin, tugadh ar aird gur aithníodh i Straitéis Thionsclaíoch don Aontas Eorpach *'energy-intensive industries are indispensable to Europe's economy and that other sectors rely on them'* agus *'the steel sector and other energy-intensive industries play a vital role in providing products and services to a wide-range of Europe's industrial ecosystems'* [nach féidir déanamh gan tionscail dianfhuinnimh i ngeilleagar na hEorpa agus go bhfuil earnálacha eile ag brath orthu agus go bhfuil ról bunriachtanach ag an earnáil cruach chun táirgí agus seirbhísí a sholáthar do raon leathan d'éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa] ([76]).

(114) Tugadh faoi deara sa Doiciméad Inmheánach Oibre céanna freisin *'steel is a crucial input to several downstream ecosystems, such as construction, mobility and automotive, or for mechanical engineering companies'* [gur ríthábhachtach an t-ionchur an cruach i roinnt éiceachórais iartheachtacha, amhail an fhoirgníocht, an tsoghluaisteacht agus an earnáil mótarfheithiclí, nó le haghaidh cuideachtaí innealtóireachta meicniúla]. *Data on steel consumption per sector shows that construction account for 35 % steel use in the EU, automotive for 19 %, mechanical engineering and metal ware by 15 % each and tubes for 10 %. [Léiríonn sonraí ar thomhaltas cruach de réir earnála go gcuimsíonn earnáil na foirgníochta 35 % d'úsáid cruach san Aontas Eorpach, mótarfheithiclí 19 % , innealtóireacht mheicniúil agus earraí miotail 15 % agus feadáin 10 %.] Companies active in these sectors, many of which are small and medium-sized enterprises (SMEs), employ millions of workers in Europe and depend on EU steel production'* [Cuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha sin, ar fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a lán acu, fostaíonn siad na milliúin oibrithe san Eoraip agus tá siad ag brath ar tháirgeacht cruach san Aontas] ([77]). Ar an gcaoi chéanna, in 2016, leagadh béim i dTeachtaireacht ón gCoimisiún

([70]) Féach S&P Global Platts, an 16 Aibreán 2021, '*Trade Review*: [Iris Trádála] *Global steel imbalances present export opportunities in Q2*' [Mar gheall ar mhíchothromaíochtaí domhanda cruach cuirtear deiseanna onnmhairiúcháin ar fáil in R2] https://www.spglobal.com/platts/en/market-insights/latest-news/metals/041621-trade-review-global-steel-imbalances-present-export-opportunities-in-q2 (arna rochtain go deireanach an 21 Bealtaine 2021).

([71]) Féach IHS Markit, *Steel Price Forecast and Market Outlook*:[Réamhaisnéis agus Ionchas an Mhargaidh i leith Praghsanna Cruach:] https://ihsmarkit.com/solutions/steel-forecast.html (arna rochtain go deireanach an 25 Bealtaine 2021)

([72]) Féach Taispeántán 6 san fhrisnéis ó EUROFER, ina bhfuil faisnéis ó fhoinsí seachtracha lena ndeimhnítear atosú roinnt foirnéisí a rinne táirgeoirí éagsúla de chuid an Aontais le míonna beaga anuas.

([73]) Féach freisin *Global Market Outlook* [Ionchas an Mhargaidh Dhomhanda] i Nollaig 2020 agus in Aibreán 2021, S&P Global Platts (arna rochtain go deireanach an 18 Bealtaine 2021).

([74]) Féach *Steel Market developments Q2 2021* [Forbairtí ECFE i Margadh Cruach R2 2021], an 1 Márta 2021, ag lch. 22.

([75]) Féach S&P Global Platts '*Steel supply should start to ease toward mid-year as production is restored*' [Ba cheart go maolódh an brú ar sholáthar cruach thart faoi lár na bliana de réir mar a chuirtear an táirgeacht ar bun arís], an 16 Aibreán 2021, '*Trade Review* [Iris Trádála]: *Global steel imbalances present export opportunities in Q2*' [Mar gheall ar mhíchothromaíochtaí domhanda cruach cuirtear deiseanna onnmhairiúcháin ar fáil in R2] https://www.spglobal.com/platts/en/market-insights/latest-news/metals/041621-trade-review-global-steel-imbalances-present-export-opportunities-in-q2 (arna rochtain go deireanach an 21 Bealtaine 2021). Féach freisin Fitch Ratings '*High EU Carbon Prices to Weigh on Steelmakers' Profitability*' [Praghsanna Arda Carbóin san Aontas a chuirfidh ualach ar Bhrabúsacht Déantóirí Cruach], an 12 Bealtaine 2021, https://www.fitchratings.com/research/corporate-finance/high-eu-carbon-prices-to-weigh-on-steelmakers-profitability-12-05-2021 (arna rochtain go deireanach an 23 Bealtaine 2021).

([76]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin *'Towards competitive and clean European steel*' [I dtreo cruach Eorpach atá iomaíoch agus glan], SWD (2021) 353 final, 5.5.2021, lch.2.

([77]) *Ibid*. lch. 3.

cheana go bhfuil *'a robust industrial base is essential for Europe's economic growth, preservation of sustainable jobs and our competitiveness on global markets, and that a strong steel sector forms the basis of many industrial value chains'* [bunús tionsclaíoch láidir riachtanach le haghaidh fás eacnamaíoch na hEorpa, caomhnú post inbhuanaithe agus le haghaidh an iomaíochais againne ar mhargaí domhanda, agus go bhfuil earnáil láidir cruach mar bhonn le go leor slabhraí luacha tionsclaíocha] ([78]).

(115) Shuigh an gCoimisiún go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla maidir le riachtanas agus coigeartú is gá chun fad a chur le beart coimirce.

(116) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún freisin go bhféadfadh sé go dtiocfadh rabharta tobann allmhairí isteach de dheasca an beart coimirce a bhaint ag an gcéim seo, rabharta allmhairí a d'fhágfadh go rachadh staid airgeadais d'earnáil cruach an Aontais atá fós leochaileach go mór in olcas. Dá mbainfí an beart coimirce, chuirfeadh sé téarnamh thionscal an Aontais i mbaol, go díreach nuair atá an tAontas agus an geilleagar domhanda agus an trádáil ag teacht ar ais chucu féin arís tar éis chúlú eacnamaíoch phaindéim COVID-19, agus níl na dálaí ceannann céanna ann fós mar a bhíodh roimh an bpaindéim. Mar gheall ar an suaitheadh allmhairiúcháin sin, tá an baol ann go gcuirfear iarrachtaí coigeartaithe de chuid thionscal cruach an Aontais ar ceal, is é sin iarrachtaí atá á ndéanamh chun oiriúnú do bhrú níos láidre ó allmhairí de dheasca dhinimic an mhargaidh atá saofa go mór trí ró-acmhainneacht dhomhanda atá ag méadú agus trí idirghabháil Stáit.

(117) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún nach féidir na méaduithe ar phraghsanna cruach a chonacthas le déanaí ar mhargadh cruach an Aontais a chur i leith bheart coimirce cruach an Aontais, nó go bhfuil siad ann mar thoradh ar an mbeart coimirce, mar tá praghsanna arda dá samhail le feiceáil ar mhargaí domhanda freisin agus fágtar méideanna móra TRQanna saor ó dhleacht gan a n-úsáid ina ainneoin sin agus iad ar fáil faoin mbeart coimirce.

(118) Maidir leis sin, thug an Coimisiún dá aire freisin nár úsáideadh thart ar 11 milliún tona de TRQanna saor ó dhleacht, níos lú ná mí go leith chun deireadh an tríú bliain den bheart a bhaint amach, is é sin, 36 % den TRQ iomlán atá ar fáil ([79]). Dá bhrí sin, léirítear go raibh deis ag úsáideoirí, ar fud catagóirí táirgí, a dhóthain cruach saor ó dhleacht a fháil ón iomad foinsí, agus nár chuir an beart coimirce teorainn le soláthar éifeachtach go míchuí, ó thaobh méide ná tír thionscnaimh de.

(119) Go hachomair, chinn an Coimisiún gur léir gur mhó go mór an míbhuntáiste ligean don bheart coimirce dul i léig an 30 Meitheamh 2021 ná aon sochair a d'fhéadfadh a bheith ann dá gcuirfí deireadh léi.

(120) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid mar sin gurb é leas foriomlán an Aontais fad a chur leis an mbeart coimirce.

6. TÍORTHA I mBÉAL FORBARTHA ATÁ FAOI RÉIR AN BHIRT COIMIRCE

(121) Tá liosta na dtíortha i mbéal forbartha a leanfaidh de bheith faoi réir an bhirt coimirce fós mar an gcéanna leis an liosta a áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2037 ón gCoimisiún ([80]).

7. BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA

(122) Fuair an Coimisiún breis agus 160 aighneacht idir barúlacha agus frisnéisí ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear táirgeoirí cruach an Aontais, úsáideoirí agus allmhaireoirí cruach an Aontais, táirgeoirí onnmhairiúcháin agus rialtais tríú tíortha. Sa roinn seo, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar na maímh a rinne na páirtithe leasmhara sin. Ar mhaithe leis an ngeilleagar riaracháin, rinne an Coimisiún na maímh a ghrúpáil de réir cineál agus ábhair. I gcás inarb iomchuí, rinne an Coimisiún tagairt do thorthaí roimhe seo sa Rialachán seo lenar tugadh aghaidh cheana féin ar fhormhór na maíomh a rinne páirtithe leasmhara ar bhonn mionsonraithe.

([78]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, '*Steel*:[Cruach] *Preserving sustainable jobs and growth in Europe*' [Poist agus fás inbhuanaithe a chaomhnú san Eoraip], COM(2016) 155 final, 16.3.2016, lch. 2..

([79]) Is amhlaidh atá an cás go bhfuil méideanna móra TRQanna gan a n-úsáid ar fud catagóirí, ar leibhéil éagsúla, le linn gach tréimhse ó forchuireadh beart coimirce sealadach an 18 Iúil 2018. Is éard a bhí i gceist le 'tréimhse' nó 'bliain' faoin mbeart coimirce ná an méid seo a leanas: Tréimhse/bliain 1: 18 Iúil 2018 – 30 Meitheamh 2019, tréimhse/bliain 2: 1 Iúil 2019 – 30 Meitheamh 2020 agus tréimhse/bliain 3: 1 Iúil 2020 – 30 Meitheamh 2021.

([80]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2037 an 10 Nollaig 2020 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach ar allmhairí táirgí cruach áirithe, IO L 416, 11.12.2020, lch. 32.

7.1. **Ceanglais dhlíthiúla maidir le fad a chur le beart**

(123) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara nár comhlíonadh an ceanglas dlíthiúil maidir le borradh faoi allmhairí ós rud é, le linn na tréimhse a breithníodh, gur tháinig laghdú ar leibhéal foriomlán na n-allmhairí; sna himthosca sin, mhaígh siad nach bhfuil an Coimisiún i dteideal fad a chur leis an mbeart coimirce. Thairis sin, d'áitigh roinnt páirtithe nach mbeadh aon staid dhíobhálach i dtionscal an Aontais mar thoradh ar mhéadú ar allmhairí. Mhaígh páirtithe eile nach dtugann na héifeachtaí de dheasca phaindéim COVID-19, lena n-áirítear laghdú ar an éileamh, údar le fad a chur leis an gcoimirce. Ar deireadh, mhaígh páirtithe eile gurb ionann na ceanglais dhlíthiúla maidir le fad a chur le coimirce agus na ceanglais maidir le beart bunaidh a fhorchur, lena n-áirítear allmhairí méadaithe, nasc cúisíoch agus forbairtí gan choinne.

(124) I ndáil leis an méid sin, tugann an Coimisiún dá aire nach n-éilítear leis na ceanglais maidir le fad a chur le beart coimirce faoi Airteagal 7.1 de Chomhaontú EDT maidir le Beart Coimirce agus faoi Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2015/478, eadhon an gá chun mórdhíobháil agus coigeartú leanúnach a chosc nó a leigheas, go mbeidh méadú ar allmhairí le linn na tréimhse a breithníodh. Shuigh an Coimisiún go bhfuil dóchúlacht ann go dtiocfadh méadú ar allmhairí, i gcás ina rachadh an beart coimirce i léig, arbh é an toradh a bheadh air sin mórdhíobháil do leas an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

7.2. **Níl coigeartú á dhéanamh ar thionscal an Aontais**

(125) Chuir roinnt páirtithe leasmhara i gcoinne an mhaímh go bhfuil coigeartú á dhéanamh ar thionscal cruach an Aontais agus dá bhrí sin mhaígh siad nach gcomhlíontar an ceanglas dlíthiúil sin.

(126) Tagraíonn an Coimisiún do na coigeartuithe a thuairiscítear i Roinn 3.2. Léirítear sna bearta agus sna samplaí a liostaítear sa roinn seo go bhfuil coigeartú á dhéanamh ar thionscal cruach an Aontais trí bhíthin an iliomad gníomhaíochtaí atá dírithe ar éifeachtúlacht agus ar nuálaíocht. Dá bharr sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(127) D' áitigh roinnt páirtithe leasmhara gurb iad a bhí i mbearta coigeartaithe thionscal an Aontais gníomhaíochtaí athstruchtúraithe a cuireadh i gcrích le linn phaindéim Covid-19 go díreach nó infheistíocht rialta, go páirteach faoi thionchar beartas AE, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, seachas bearta a glacadh chun feabhas a chur ar iomaíochas thionscal cruach an Aontais *vis-à-vis* iomaíocht eachtrach. I ndáil leis sin, chinn an Coimisiún go bhfreagraíonn na bearta coigeartaithe do go leor cúiseanna éagsúla go hiondúil, bearta arna nglacadh ag cuideachtaí i ngach comhthéacs agus go bhfuil na bearta sin ilchuspóireach san an am céanna. I gcás an bhirt coimirce, go deimhin, mar a sonraíodh faoin roinn maidir le coigeartú, tá sé d'aidhm ag roinnt de na coigeartuithe a rinne tionscal cruach an Aontais freisin, i measc cuspóirí eile, suaití agus éifeachtaí eacnamaíocha díobhálacha na paindéime a mhaolú nó gealltanais chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh. Mar sin féin, i gcás ar bith, is bearta iad na cineálacha sin coigeartuithe a chuireann gníomhaíochtaí thionscal cruach an Aontais in oiriúint do staid ina bhfuil leibhéal níos airde allmhairí agus brú ar allmhairí, i gcomhréir le treoirlínte agus cuspóirí bheartas tionsclaíoch an Aontais a thuairiscítear sa roinn chéanna. Mar shampla, shuiteáil ([81]) Arvedi foirnéis leictreach ardéifeachtúil nua ina líne tháirgthe a raibh sé d'aidhm aici a bheith níos costéifeachtaí agus a astaíochtaí carbóin a laghdú san am céanna. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach raibh dóthain fianaise ann chun údar a thabhairt leis na maímh sin agus dhiúltaigh sé dóibh.

7.3. **Níl baol ar bith ann go ndéanfar sraonadh trádála ó bhearta Roinn 232 na Stát Aontaithe**

(128) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara nach bhfuil baol ann a thuilleadh go ndéanfaí sraonadh trádála le bearta Roinn 232 de chuid na Stát Aontaithe maidir le cruach, mar go mbeadh coigeartú déanta ar an margadh le trí bliana anuas. Ina theannta sin, maíonn roinnt páirtithe go laghdódh na díolúintí atá i bhfeidhm faoin mbeart sin an baol go ndéanfaí aon sraonadh trádála isteach i margadh an Aontais a laghdú i gcás ar bith. Ina theannta sin, mhaígh roinnt páirtithe freisin go bhfuil leibhéal na bpraghsanna sna Stáit Aontaithe i bhfad níos airde ná mar atá i margaí eile agus dá bhrí sin, is lú an baol go ndéanfaí sraonadh trádála.

(129) Maidir le bearta Roinn 232 na Stát Aontaithe, tagraíonn an Coimisiún do Thábla 7, a léiríonn gur laghdaíodh go mór allmhairí isteach sna Stáit Aontaithe tar éis iad a fhorchur agus nár ghlac margaí eile an méid iomarcach sin. Maidir leis na díolúintí atá i bhfeidhm, thug an Coimisiún dá aire i gcásanna áirithe, mar shampla Ceanada agus Meicsiceo (atá i measc na dtíortha is mó a onnmhairíonn isteach chuig na Stáit Aontaithe), nach bhfuil aon tionchar ag na díolúintí sin ar an mbaol go ndéanfaí sraonadh trádála, ós rud é go bhfuil méideanna diomaibhseacha cruach á n-onnmhairiú ag na tíortha sin isteach i margadh an Aontais. Tá na príomhthíortha a onnmhairíonn cruach isteach chuig an Aontas fós faoi réir bhearta Roinn 232 na Stát Aontaithe agus tá acmhainneacht leordhóthanach acu a n-onnmhairí chuig an Aontas a mhéadú. Léirítear leis an anailís aonair ar a bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin ó forchuireadh bearta Roinn 232 de chuid SAM go bhfuil meath leanúnach ag teacht ar na bearta sin ([82]). Dá bhrí sin,

([81]) Chun tuairisc mhionsonraithe a fháil ar an tionscadal seo, féach an comhad '*Start-up of the new Tenova Consteel® EAF at Arvedi Plant, Cremona, Italy - TENOVA.pdf*' faoi Iarscríbhinn 19 a ghabhann leis an aighneacht ó EUROFER.

([82]) Féach an fhorbairt ar allmhairí i dTábla 9.

ní laghdaítear an baol go ndéanfaí sraonadh trádála mar gheall ar aon díolúine a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm. Ar deireadh, ós rud é go bhfuil na praghsanna sna Stáit Aontaithe níos airde, ní fhágann sé sin go bhfuil an baol fós ann go ndéanfaí sraonadh trádála. Go deimhin, díríonn an Coimisiún a aird ar na treochtaí allmhairiúcháin isteach sna Stáit Aontaithe ó bhí 2018 ann. Tá laghdú ollmhór den sórt sin ar allmhairí nasctha in am le bearta Roinn 232 SAM a fhorchur. Dá bhrí sin, toisc go bhféadfadh praghsanna intíre níos airde a bheith ag na Stáit Aontaithe ná mar atá ag margaí eile, níor chuir sé sin cosc ar laghdú suntasach allmhairí le linn na tréimhse a breithníodh.

7.4. **Forbairtí ró-acmhainneachta agus nasc le sraonadh trádála**

(130) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara go raibh an ró-acmhainneacht ag dul i laghad agus fiú dá leanfaí den ró-acmhainneacht in earnáil na cruach, níorbh aon scéal cinnte é dá réir sin go mbeadh sraonadh trádála i margadh an Aontais mar thoradh air.

(131) Chinn an Coimisiún gur léir forbairt na ró-acmhainneachta le blianta beaga anuas, agus tagraíonn sé do Roinn 3.1.2. d. Dá bhrí sin, tá an fhianaise ar neamhréir leis na maímh go bhfuil an ró-acmhainneacht á laghdú. Ar an dara dul síos, sa chomhthéacs a tuairiscíodh, eadhon laghdú ar onnmhairí chuig tríú tíortha, meath ar thomhaltas intíre, praghsanna níos airde a baineadh amach in onnmhairí chuig an Aontais i gcomparáid le margaí eile, is é an tAontas an margadh allmhairiúcháin is mó, agus dá bhrí sin tá sé ar a chumas glacadh le méideanna móra, iompraíocht onnmhairiúcháin faoin gcóras TRQanna, ní bheadh sé ag teacht le haon loighic eacnamaíoch chun a shéanadh go mbeadh dreasacht shoiléir ag tíortha onnmhairiúcháin a dtáirgeacht agus a n-acmhainneacht táirgeachta a mhéadú chun méideanna níos mó a dhíol le margadh an Aontais. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún dá aire go gcruthaíonn torthaí an imscrúdaithe sin, i gcomhthéacs ró-acmhainneacht dhomhanda shuntasach bhunaithe (lena n-áirítear i measc na bpríomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas), dóchúlacht láidir go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí isteach san Aontas dá rachadh an beart coimirce in éag.

7.5. **Maímh a bhaineann le catagóirí sonracha táirgí**

(132) D'iarr roinnt páirtithe leasmhara go ndéanfaí catagóir táirgí ar leith a eisiamh ón mbeart, nó cóir speisialta a thabhairt dóibh laistigh den bheart dá gcuirfí fad leis. Bhí na hargóintí a thug taca do na maímh sin éagsúil.

(133) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go raibh raon feidhme an imscrúdaithe sin teoranta chun a mheasúnú ar cheart fad a chur leis an mbeart, mar atá sé faoi láthair, in am nó nár cheart. Dá bhrí sin, níor cumhdaíodh san imscrúdú aon mhodhnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fheidhmiú an bhirt a dhéanann difear do chatagóirí táirgí aonair. Diúltaíodh do na maímh sin dá bhrí sin, toisc nach mbaineann siad le hábhar faoi chuimsiú an imscrúdaithe seo.

7.6. **Ní hiad na hallmhairí/na díobhálacha/an ró-acmhainneacht is cúis le hallmhairí ó thír ar leith nó ó chatagóir ar leith**

(134) Maíonn roinnt páirtithe leasmhara gur cheart catagóirí áirithe táirgí, i.a. 1 , 2, 3B, 4B, 6, 16, 18, 20, 21, 22, 24 agus 25A, a eisiamh ó raon feidhme an bhirt i gcás fad a chur leis an mbeart, ós rud é go líomhnaítear go bhfuil TRQanna róchúng, gur fágadh iad gan a n-úsáid, nó gur tháinig laghdú le déanaí ar na méideanna allmhairí den chatagóir lena mbaineann.

(135) Meabhraíonn an Coimisiún nach nglactar an beart coimirce i gcoinne tír thionscnaimh ar leith ná i gcoinne catagóir táirge amháin. Ina ionad sin, tá an beart i bhfeidhm maidir le hallmhairí an táirge i gceist (táirgí áirithe cruach) ón iliomad tíortha tionscnaimh. Dá bhrí sin, más rud é go ndéantar aon mhaíomh ar bhonn tír aonair nó ar bhonn catagóir táirge, tá an maíomh sin i gcoinne phrionsabal an bhirt. Amhail i gcomhthéacs an bhirt coimirce bunaidh, agus mar a mhínítear i roinn 3.1.1., d'fhiosraigh an Coimisiún an staid ar bhonn an táirge lena mbaineann ina iomláine (is é sin le rá na 26 aicme táirgí cruach) agus dhearbhaigh sé a anailís ar bhonn trí thacar táirgí.

7.7. **Mhaígh roinnt tíortha gur cheart iad féin a eisiamh más rud é gur cuireadh fad leis an mbeart mar gheall ar chomhaontuithe déthaobhacha trádála a bhí i bhfeidhm leis an Aontas Eorpach**

(136) D'iarr roinnt tríú tíortha, lena n-áirítear roinnt tríú tíortha a bhfuil comhaontuithe trádála déthaobhacha i bhfeidhm ag an Aontas leo, ar an gCoimisiún iad a eisiamh ón mbeart, dá gcuirfí fad leis an mbeart. Rinne roinnt de na tíortha sin tagairt d'fhorálacha sonracha ina gcomhaontuithe déthaobhacha faoi seach chun tacú le hargóint ar son an eisiaimh.

(137) Thug an Coimisiún dá aire nach bhforáiltear le haon cheann de na comhaontuithe sin do bheart coimirce iltaobhach a eisiamh amhail an ceann i dtrácht. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún nach bhfuil sé faoi aon oibleagáid dhlíthiúil aon cheann de na tíortha sin a eisiamh ón mbeart faoi na comhaontuithe déthaobhacha sin agus dhiúltaigh sé do na maímh sin dá réir.

7.8. **Riosca athchothromúcháin**

(138) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara toisc go mbeadh tíortha onnmhairiúcháin i dteideal cúiteamh a lorg agus in éagmais comhaontaithe, bheidís i dteideal athchothromúcháin i gcoinne an Aontais agus ar an gcúis sin níor cheart don Choimisiún fad a chur leis an mbeart coimirce.

(139) Maidir leis sin, tá an Coimisiún ar an eolas faoin gcreat dlí is infheidhme sna cásanna sin ina maireann beart níos faide ná trí bliana. Meabhraíonn an Coimisiún, áfach, go gceadaítear le Comhaontú EDT maidir le Beart Coimirce agus Rialachán (AE) 2015/478 beart maireachtáil níos faide ná trí bliana dá gcomhlíonfaí na coinníollacha dlíthiúla. Mar sin, agus fad á chur leis an mbeart is faide ná trí bliana ag an gCoimisiún agus na coinníollacha dlíthiúla á gcomhlíonadh aige, tá sé ag feidhmiú a chirt dhlíthiúil faoi rialacha EDT agus faoi rialacha an Aontais.

7.9. **Neamhdhleathach chun fad a chur leis an mbeart ar bhonn AE27**

(140) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara, toisc go raibh an beart bunaidh bunaithe ar shonraí AE28, go mbeadh sé neamhdhleathach fad a chur leis ar bhonn AE27.

(141) Chinn an Coimisiún go bhfuil an t-imscrúdú athbhreithniúcháin seo bunaithe ar AE27. Níor chuir aon pháirtí leasmhar ina choinne go raibh an beart coimirce bunaidh, a glacadh ar bhonn AE28, neamhdhleathach. I bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, athraíodh raon feidhme an bhirt coimirce cheana féin trí bhíthin Rialachán (AE) 2020/2037 ([83]). Mar sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

7.10. **Is leordhóthanach an chosaint a thugtar trí dhleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh do thionscal cruach an Aontais**

(142) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara go dtugtar bearta frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais cosaint leordhóthanach cheana féin do thionscal an Aontais ar allmhairí éagóracha agus líomhnaíodh go mbeadh cosaint áibhéalach ann mar gheall ar bhearta coimirce, rud a thabharfadh buntáiste breise do thionscal an Aontais ina suíomh ceannasachta i margadh an Aontais.

(143) Meabhraíonn an Coimisiún go dtugann dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh aghaidh ar chleachtais éagóracha trádála, ach is amhlaidh is mó a bhaineann beart coimirce le saincheist amhail méideanna méadaithe. Tá an 'rialachán maidir le 'beart ceartaitheach dúbailte', mar a thugtar air, i bhfeidhm ag an gCoimisiún maidir leis na hallmhairí sin atá faoi réir beart coimirce agus dleachtanna frithdhumpála agus/nó dleachtanna frithchúitimh araon ([84]). Áirithítear le rialachán den sórt sin, nuair a sháraíonn allmhairí faoin mbeart coimirce méid TRQanna saor ó dhleacht, nach gcarnfar an 25 % de in aghaidh na dleachta frithdhumpála agus/nó frithchúitimh is infheidhme ionas nach mbeidh tionchar aige ar thrádáil níos mó ná mar is inmhianaithe. Ar na forais sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh faoina beart ceartaitheach dúbailte.

(144) Ina theannta sin, ní leordhóthanach an chosaint líomhnaithe a thugtar trí bhearta cosanta trádála an Aontais (dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh) chun críocha imscrúdú an bhirt coimirce seo mar a léirítear i Roinn 3.1. Chuaigh formhór na dtosca díobhála go mór chun donais le linn na tréimhse a breithníodh.

(145) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Choimircí a bunaíodh faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus faoi Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach,

([83]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/2037 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme Rialachán (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheacha i gcoinne allmhairí táirgí áirithe cruach, IO L 416, 11.12.2020, lch. 32.

([84]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Rialacháin áirithe agus lena bhforchuirtear beart frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais ar tháirgí áirithe cruach atá faoi réir bearta coimirce, IO L 227, 3.9.2021, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/159 mar a leanas:

1) In Airteagal 10, cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'Beidh feidhm aige go dtí an 30 Meitheamh 2024';

2) Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'Iarscríbhinn IV

IV.1 – Méideanna na dtaraifchuótaí

Uimhir táirge	Catagóir táirge	Cóid CN	Leithroinnt de réir tíre (I gCás inarb Infheidhme)	Bliain 1				Bliain 2				Bliain 3				Dleachtráta breise	Sraithuimhreacha
				Ón 1.7.2021 go dtí an 30.9.2021	Ón 1.10.2021 go dtí an 31.12.2021	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.3.2022	Ón 1.4.2022 go dtí an 30.6.2022	Ón 1.7.2022 go dtí an 30.9.2022	Ón 1.10.2022 go dtí an 31.12.2022	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.3.2023	Ón 1.4.2023 go dtí an 30.6.2023	Ón 1.7.2023 go dtí an 30.9.2023	Ón 1.10.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2024 go dtí an 31.3.2024	Ón 1.4.2024 go dtí an 30.6.2024		
				Méid na dtaraifchuótaí (glantonaí)				Méid na dtaraifchuótaí (glantonaí)				Méid na dtaraifchuótaí (glantonaí)					
1	Leatháin agus Stiallacha Teorollta Neamh-Chóimhiotail agus Cóimhiotail Eile	7208 10 00, 7208 25 00, 7208 26 00, 7208 27 00, 7208 36 00, 7208 37 00, 7208 38 00, 7208 39 00, 7208 40 00, 7208 52 99, 7208 53 90, 7208 54 00, 7211 14 00, 7211 19 00, 7212 60 00, 7225 19 10, 7225 30 10, 7225 30 30, 7225 30 90, 7225 40 15, 7225 40 90, 7226 19 10, 7226 91 20, 7226 91 91, 7226 91 99	Cónaidhm na Rúise	416 848,18	416 848,18	407 786,27	412 317,22	429 353,63	429 353,63	420 019,85	424 686,74	442 234,24	442 234,24	432 620,45	437 427,34	25 %	09 8966
			An Tuirc	330 387,67	330 387,67	323 205,33	326 796,50	340 299,30	340 299,30	332 901,49	336 600,40	350 508,28	350 508,28	342 888,54	346 698,41	25 %	09 8967
			An India	169 717,08	169 717,08	166 027,58	167 872,33	174 808,60	174 808,60	171 008,41	172 908,50	180 052,85	180 052,85	176 138,66	178 095,76	25 %	09 8968
			Cóiré, Poblacht na	135 867,52	135 867,52	132 913,87	134 390,70	139 943,54	139 943,54	136 901,29	138 422,42	144 141,85	144 141,85	141 008,33	142 575,09	25 %	09 8969
			An Ríocht Aontaithe	120 514,16	120 514,16	117 894,29	119 204,23	124 129,59	124 129,59	121 431,12	122 780,35	127 853,48	127 853,48	125 074,05	126 463,76	25 %	09 97.
			An tSeirbia	119 634,36	119 634,36	117 033,62	118 333,99	123 223,40	123 223,40	120 544,63	121 884,01	126 920,10	126 920,10	124 160,96	125 540,53	25 %	09 8970
			Tíortha eile	1 020 975,90	1 020 975,90	998 780,77	1 009 878,34	1 051 605,18	1 051 605,18	1 028 744,20	1 040 174,69	1 083 153,33	1 083 153,33	1 059 606,52	1 071 379,93	25 %	[1]
2	Leatháin Fhuarrollta Neamh-Chóimhiotail agus Cóimhiotail Eile	7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7209 90 20, 7209 90 80, 7211 23 20, 7211 23 30, 7211 23 80, 7211 29 00, 7211 90 20, 7211 90 80, 7225 50 20, 7225 50 80, 7226 20 00, 7226 92 00	An India	150 937,31	150 937,31	147 656,06	149 296,69	155 465,43	155 465,43	152 085,74	153 775,59	160 129,39	160 129,39	156 648,32	158 388,85	25 %	09 8801
			Cóiré, Poblacht na	87 540,62	87 540,62	85 637,56	86 589,09	90 166,83	90 166,83	88 206,69	89 186,76	92 871,84	92 871,84	90 852,89	91 862,36	25 %	09 8802
			An Ríocht Aontaithe	80 906,72	80 906,72	79 147,88	80 027,30	83 333,92	83 333,92	81 522,32	82 428,12	85 833,94	85 833,94	83 967,99	84 900,96	25 %	09 8977
			An Úcráin	67 209,91	67 209,91	65 748,82	66 479,37	69 226,21	69 226,21	67 721,29	68 473,75	71 302,99	71 302,99	69 752,93	70 527,96	25 %	09 8803
			An Bhrasaíl	43 002,88	43 002,88	42 068,04	42 535,46	44 292,97	44 292,97	43 330,08	43 811,52	45 621,76	45 621,76	44 629,98	45 125,87	25 %	09 8804
			An tSeirbia	38 107,42	38 107,42	37 279,00	37 693,21	39 250,64	39 250,64	38 397,37	38 824,00	40 428,16	40 428,16	39 549,29	39 988,72	25 %	09 8805
			Tíortha eile	265 739,79	265 739,79	259 962,84	262 851,32	273 711,99	273 711,99	267 761,73	270 736,86	281 923,35	281 923,35	275 794,58	278 858,96	25 %	[2]

3.A	Leatháin leictreacha (seachas GOES)	7209 16 10, 7209 17 10, 7209 18 10, 7209 26 10, 7209 27 10, 7209 28 10	Cónaidhm na Rúise	350,64	350,64	343,02	346,83	361,16	361,16	353,31	357,24	372,00	372,00	363,91	367,95	25 %	09 8808
			An Ríocht Aontaithe	300,46	300,46	293,93	297,19	309,47	309,47	302,74	306,11	318,76	318,76	311,83	315,29	25 %	09 8978
			An Iaráin, Poblacht Ioslamach na hIaráine	153,51	153,51	150,17	151,84	158,11	158,11	154,67	156,39	162,86	162,86	159,31	161,08	25 %	09 8809
			Cóiré, Poblacht na	124,95	124,95	122,24	123,59	128,70	128,70	125,90	127,30	132,56	132,56	129,68	131,12	25 %	09 8806
			Tíortha eile	757,52	757,52	741,05	749,28	780,24	780,24	763,28	771,76	803,65	803,65	786,18	794,91	25 %	(3)
3.B		7225 19 90, 7226 19 80	Cónaidhm na Rúise	35 467,36	35 467,36	34 696,33	35 081,85	36 531,38	36 531,38	35 737,22	36 134,30	37 627,33	37 627,33	36 809,34	37 218,33	25 %	09 8811
			Cóiré, Poblacht na	21 197,70	21 197,70	20 736,88	20 967,29	21 833,63	21 833,63	21 358,98	21 596,30	22 488,64	22 488,64	21 999,75	22 244,19	25 %	09 8812
			An tSín	16 317,74	16 317,74	15 963,01	16 140,38	16 807,27	16 807,27	16 441,90	16 624,59	17 311,49	17 311,49	16 935,16	17 123,32	25 %	09 8813
			An Téaváin	12 242,39	12 242,39	11 976,25	12 109,32	12 609,66	12 609,66	12 335,54	12 472,60	12 987,95	12 987,95	12 705,60	12 846,77	25 %	09 8814
			Tíortha eile	6 343,40	6 343,40	6 205,50	6 274,45	6 533,71	6 533,71	6 391,67	6 462,69	6 729,72	6 729,72	6 583,42	6 656,57	25 %	(4)
4.A	Leatháin Mhiotala-cha Bhrataithe	Cóid TARIC: 7210 41 00 20, 7210 41 00 30, 7210 49 00 20, 7210 49 00 30, 7210 61 00 20, 7210 61 00 30, 7210 69 00 20, 7210 69 00 30, 7212 30 00 20, 7212 30 00 30, 7212 50 61 20, 7212 50 61 30, 7212 50 69 20, 7212 50 69 30, 7225 92 00 20, 7225 92 00 30, 7225 99 00 11, 7225 99 00 22, 7225 99 00 23, 7225 99 00 41, 7225 99 00 45, 7225 99 00 91, 7225 99 00 92, 7225 99 00 93, 7226 99 30 10, 7226 99 30 30, 7226 99 70 11, 7226 99 70 13, 7226 99 70 91, 7226 99 70 93, 7226 99 70 94,	Cóiré (Poblacht na)	41 143,14	41 143,14	40 248,72	40 695,93	42 377,43	42 377,43	41 456,18	41 916,81	43 648,76	43 648,76	42 699,87	43 174,31	25 %	09 8816
			An India	49 651,09	49 651,09	48 571,72	49 111,41	51 140,63	51 140,63	50 028,87	50 584,75	52 674,84	52 674,84	51 529,74	52 102,29	25 %	09 8817
			An Ríocht Aontaithe	32 719,57	32 719,57	32 008,27	32 363,92	33 701,16	33 701,16	32 968,52	33 334,84	34 712,19	34 712,19	33 957,58	34 334,88	25 %	09 8979
			Tíortha eile	515 437,29	515 437,29	504 232,13	509 834,71	530 900,41	530 900,41	519 359,09	525 129,75	546 827,42	546 827,42	534 939,87	540 883,64	25 %	(5)

4.B		Cóid CN: 7210 20 00, 7210 30 00, 7210 90 80, 7212 20 00, 7212 50 20, 7212 50 30, 7212 50 40, 7212 50 90, 7225 91 00, 7226 99 10 Cóid TARIC: 7210 41 00 80, 7210 49 00 80, 7210 61 00 80, 7210 69 00 80, 7212 30 00 80, 7212 50 61 80, 7212 50 69 80, 7225 92 00 80, 7225 99 00 25, 7225 99 00 95, 7226 99 30 90, 7226 99 70 19, 7226 99 70 96	An tSín	118 740,90	118 740,90	116 159,58	117 450,24	122 303,13	122 303,13	119 644,36	120 973,74	125 972,22	125 972,22	123 233,69	124 602,96	25 %	09 8821
			Cóiré (Poblacht na)	147 586,85	147 586,85	144 378,44	145 982,65	152 014,46	152 014,46	148 709,80	150 362,13	156 574,89	156 574,89	153 171,09	154 872,99	25 %	09 8822
